CINNEADH (AE) 2025/62 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Deireadh Fómhair 2024

maidir le scéimeanna cabhrach SA.56908 (2023/C) (ex 2020/N) – Fadú agus modhnú na scéime bithgháis le haghaidh breosla mótair sa tSualainn agus SA.56125 (2023/C) (ex 2020/N) – Fadú agus modhnú scéim SA.49893 (2018/N) – Díolúine ó cháin le haghaidh bithghás agus bithphrópán neamh-bhiabhunaithe i nginiúint teasa arna cur chun feidhme ag an tSualainn

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024)7313)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 108(2) de,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1)(a) de,

Tar éis a iarraidh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach de bhun na forála/na bhforálacha ([1]) agus ag féachaint dá gcuid barúlacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

(1) Tar éis teagmhálacha réamhfhógra, thug an tSualainn fógra don Choimisiún an 1 Aibreán 2020, i gcomhréir le hAirteagal 108(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'), maidir le fadú agus modhnú scéime díolúine ó cháin le haghaidh bithgháis a úsáidtear mar bhreosla mótair ('an scéim breosla mótair'), chomh maith le fadú agus modhnú scéime díolúine ó cháin maidir le breoslaí in-athnuaite le haghaidh giniúint teasa ('an scéim breosla téimh') (le chéile, na 'scéimeanna').

(2) D'fhormheas an Coimisiún an scéim breosla mótair den chéad uair in 2003 ([2]). Chuir an Coimisiún fadú leis arís agus arís eile agus d'fhormheas sé í mar chabhair chomhoiriúnach. Bhí an cinneadh formheasa is déanaí maidir le fadú i gcás SA.43302 (2015/N) ([3]) bunaithe ar na Treoirlínte maidir le Státchabhair do chosaint an chomhshaoil agus don fhuinneamh 2014-2020 ('EEAG') ([4]) agus bhí sé bailí go dtí an 31 Nollaig 2020. ([5])

(3) D'fhormheas an Coimisiún an scéim breosla téimh den chéad uair in 2007 ([6]). Chuir an Coimisiún fadú leis arís agus arís eile agus d'fhormheas sé í mar chabhair chomhoiriúnach. Bhí an cinneadh formheasa is déanaí maidir le fadú i gcás SA.49893 (2018/N) ([7]) bunaithe ar EEAG agus bhí sé bailí go dtí an 31 Nollaig 2020. ([8])

([1]) IO C 1921, 5.3.2024, lch. 1.
([2]) Cinneadh ón gCoimisiún an 11 Samhain 2003 i gcás N 480/02 – An tSualainn – Laghdú ar dhleacht mháil i bhfabhar breosla atá neodrach ó thaobh dé-ocsaíd charbóin de (IO C 33, 6.2.2004, lch. 8).
([3]) Cinneadh ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2015 i gcás SA.43302 (2015/N) – An tSualainn – Díolúintí ó cháin do bhithghás a úsáidtear mar bhreosla mótair (IO C 241, 1.7.2016, lch. 6).
([4]) IO C 200, 28.6.2014, lgh. 1-55.
([5]) D'fhormheas an Coimisiún méadú ar bhuiséad na scéime breosla mótair sa chinneadh uaidh an 14 Nollaig 2020 i gcás SA.59125 (2020/N) – an tSualainn – Fadú buiséid le haghaidh scéim SA.43302 (2015/N) – Díolúintí ó cháin le haghaidh bithghás a úsáidtear mar bhreosla mótair (IO C 41, 5.2.2021, lch. 12).
([6]) Cinneadh ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 2007 i gcás N 866/06 – an tSualainn – Díolúine ó cháin; Foinsí in-athnuaite fuinnimh áirithe i nginiúint teasa (IO C 220, 20.9.2007, lch. 2).
([7]) Cinneadh ón gCoimisiún an 19 Iúil 2018 i gcás SA.49893 (2018/N) – an tSualainn – Fadú na scéime SA.35586 (2012/N) – Díolúintí ó cháin; Foinsí in-athnuaite fuinnimh áirithe i nginiúint teasa (IO C 127, 5.4.2019, lch. 1).
([8]) D'fhormheas an Coimisiún méadú ar bhuiséad na scéime breosla téimh do 2019 agus 2020 sa chinneadh uaidh an 14 Nollaig 2020 i gcás SA.59126 (2020/N) – an tSualainn – Méadú buiséid do scéim SA.49893 (2018/N) – Díolúintí ó cháin d'fhoinsí in-athnuaite áirithe i nginiúint teasa (IO C 41, 5.2.2021, lch. 12).

(4) An 18 Deireadh Fómhair 2019 agus an 19 Meitheamh 2020, fuair an Coimisiún aighneachtaí ó Landwärme GmbH ('Landwärme'), táirgeoir bithmheatáin de chuid na Gearmáine, maidir le róchúiteamh féideartha ar tháirgeoirí bithgháis na Danmhairge mar thoradh ar charnadh thacaíocht na Danmhairge do tháirgeoirí bithgháis ([9]) agus ar dhíolúine ó cháin na Sualainne le haghaidh bithgháis.

(5) An 29 Meitheamh 2020, ghlac an Coimisiún Cinneadh C(2020) 4487 final agus Cinneadh C(2020) 4489 final lena bhformheastar modhnú agus fadú na scéime breosla mótair (SA.56908 (2020/N)) agus na scéime breosla téimh (SA.56125 (2020/N)) go dtí an 31 Nollaig 2030 ('Cinntí 2020'). ([10]) ([11])

(6) An 13 Deireadh Fómhair 2020, thaisc Landwärme gearán leis an gCoimisiún in aghaidh Ríocht na Sualainne, inar líomhnaíodh go raibh róchúiteamh mar thoradh ar charnadh na cabhrach a deonaíodh sa tSualainn faoi na scéimeanna le cabhair eile, arna deonú ag Ballstáit eile do tháirgeoirí bithgháis.

(7) An 21 Nollaig 2022, tar éis caingean le haghaidh neamhniú ó Landwärme, chuir an Chúirt Ghinearálta Cinntí 2020 ar neamhní ar fhorais nós imeachta gan rialú ar shubstaint na gcásanna. ([12])

(8) Thug an Chúirt Ghinearálta dá haire gur chuir Landwärme faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin an 18 Deireadh Fómhair 2019 agus an 19 Meitheamh 2020, faisnéis a bhain go príomha leis na scéimeanna cabhrach a thacaíonn le táirgeadh bithgháis sa Danmhairg. Chuir Landwärme staidéar ar fáil go háirithe inar léiríodh cineálacha éagsúla tacaíochta bithgháis, tacaíocht táirgeachta chomh maith le dreasachtaí chun éileamh a ardú amhail laghduithe cánach. D'áitigh sé go bhféadfadh na scéimeanna tacaíochta éagsúla sin a bheith ann i gcomhthráth i mBallstáit éagsúla, agus go bhféadfadh róchúiteamh do tháirgeoirí bithgháis i mBallstáit eile dá ndíolfaidís bithghás sa tSualainn a bheith mar thoradh ar charnadh cabhrach den sórt sin arna deonú ag Ballstáit éagsúla. Rinne Landwärme tagairt shainráite don chabhair a dheonaigh an Danmhairg agus an tSualainn. ([13])

(9) D'aithin an Chúirt Ghinearálta gurb iad tairbhithe scéim na Sualainne ceannaitheoirí bithgháis sa tSualainn. Cé nach mbeadh tionchar ag na laghduithe cánach ar chostas táirgthe an bhithgháis, rachaidís chun tairbhe go hindíreach do tháirgeoirí bithgháis a onnmhairíonn chuig an tSualainn freisin, ós rud é, mar gheall ar na díolúintí ó cháin, go bhféadfaidís bithghás a dhíol ar phraghas deiridh ar féidir leis dul in iomaíocht le praghas an gháis nádúrtha. ([14])

(10) Mheas an Chúirt Ghinearálta gur cheart don Choimisiún, ina mheasúnú agus ar bhonn na faisnéise ó Landwärme, an carnadh atá á chonspóid a chur san áireamh i gcomhthéacs an mhéadaithe atá ag teacht ar allmhairí bithgháis isteach sa tSualainn ó Bhallstáit áirithe. ([15]) Dhearbhaigh an Chúirt Ghinearálta go raibh measúnú déanta ag an gCoimisiún, áfach, sna cinntí neamhnithe, ar an gcarnadh ó scéimeanna éagsúla ar an leibhéal náisiúnta amháin. Mheas an Chúirt Ghinearálta gur léiriú é ar dheacrachtaí tromchúiseacha a bheith ann, má tá measúnú an Choimisiúin maidir leis an gcarnadh atá faoi chonspóid, agus dá bhrí sin ar an gceist maidir le heaspa róchúitimh, neamhiomlán. Measadh go raibh sé sin ceangailte leis an measúnú ar chomhréireacht na cabhrach. ([16])

([9]) Cinneadh ón gCoimisiún an 14 Samhain 2013 i gcás SA.35485 (2012/N) – an Danmhairg – Cabhair le haghaidh gach cineáil úsáide bithgháis – A (IO C 292, 4.9.2015, lch. 3); Cinneadh ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2015 i gcás SA.36659 (2013/N) – an Danmhairg – Cabhair le haghaidh gach cineál úsáide bithgháis – B (IO C 241, 1.7.2016, lch. 2).

([10]) Cinneadh ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2020 i gcás SA.56908 (2020/N) Fadú agus modhnú na scéime bithgháis le haghaidh breosla mótair sa tSualainn (IO C 260, 7.8.2020, lch. 4) agus Cinneadh ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2020 i gcás SA.56125 (2020/N) Díolúine ó cháin do bhithghás agus bithphrópán neamh-bhiabhunaithe i nginiúint teasa (IO C 260, 24.7.2020, lch. 2)

([11]) D'fhormheas an Coimisiún leathnú raon feidhme na dtairbhithe chun gnóthais nach raibh i gcruachás an 31 Nollaig 2019 ach a d'éirigh i gcruachás idir an 1 Eanáir 2020 agus an 30 Meitheamh 2021 a chumhdach sa chinneadh uaidh an 29 Meitheamh 2021 i gcás SA.62941 (2021/N) – an tSualainn – Modhnú na ndíolúintí ó cháin le haghaidh bithbhreoslaí agus bithgháis sa tSualainn - SA.55695, SA.56125 agus SA.56908 (IO C 46, 28.1.2022, lch. 2).

([12]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 21 Nollaig 2022, Landwärme GmbH v an Coimisiún Eorpach, T-626/20, EU:T:2022:853.

([13]) EU:T:2022:853, míreanna 31 agus 71-75.

([14]) EU:T:2022:853, mír 25.

([15]) EU:T:2022:853, míreanna 97-98.

([16]) EU:T:2022:853, mír 99.

(11) Mheas an Chúirt Ghinearálta nach mbeadh bithghás, a gcumhdófaí a chostas táirgeachta breise i gcomparáid le gás nádúrtha, inchomparáide le bithghás nach raibh sé sin amhlaidh ina leith go fóill. ([17]) Chomh maith leis sin, dá mbeadh róchúiteamh ann, d'fhéadfadh sé sin a bheith ina fhoras oibiachtúil le haghaidh difreála cánach idir bithghás a fuair cabhair táirgeachta agus bithghás nach bhfuair. ([18]) Tháinig an Chúirt Ghinearálta ar an gconclúid nach gcuirfeadh prionsabal an neamh-idirdhealaithe ná Airteagal 110 CFAE bac ar an gcarnadh a chonspóidtear a bhreithniú agus róchúiteamh á mheasúnú, rud a thugann le tuiscint gur léirigh a fhágáil ar lár ón anailís go bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ann. ([19])

(12) Tháinig an Chúirt Ghinearálta ar an gconclúid go raibh deacrachtaí tromchúiseacha ag baint leis an measúnú ar chomhoiriúnacht na scéime leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 107(3)(c) CFAE, maidir le prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus Airteagal 110 CFAE, i ndáil leis an róchúiteamh a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an gcarnadh atá á chonspóid. Chinn an Chúirt Ghinearálta gur cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar na deacrachtaí sin i gcomhthéacs an nós imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil, ina mheasúnú ar an róchúiteamh, in ionad na cinntí atá faoi chonspóid a ghlacadh ag deireadh an nós imeachta réamhscrúdaithe. ([20])

(13) I litir dar dáta an 30 Eanáir 2024, chuir an Coimisiún an tSualainn ar an eolas go raibh cinneadh déanta aige an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a thionscnamh i leith na scéimeanna.

(14) Foilsíodh cinneadh an Choimisiúin an nós imeachta a thionscnamh (an 'Cinneadh Tosaigh') in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. ([21]) D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach.

(15) Sheol an tSualainn a barúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh an 5 Márta 2024. Fuair an Coimisiún barúlacha ó shé pháirtí leasmhara. Chuir sí ar aghaidh chuig an tSualainn iad, agus tugadh an deis di freagairt; fuarthas a barúlacha i litir dar dáta an 6 Bealtaine 2024.

(16) Chuir an tSualainn tuilleadh faisnéise isteach an 31 Bealtaine 2024, an 2 agus an 11 Deireadh Fómhair 2024.

(17) Comhaontaíonn an tSualainn go heisceachtúil a cearta a dhíorthaíonn ó Airteagal 342 CFAE a tharscaoileadh, i gcomhar le hAirteagal 3 de Rialachán 1/1958 ([22]) agus go nglacfar an Cinneadh seo agus go dtabharfar fógra faoi i mBéarla.

2. CUR SÍOS MIONSONRAITHE AR NA SCÉIMEANNA

2.1. Bunús dlí, cineál cabhrach agus cuspóir

2.1.1. *Bunús dlí agus foirm na cabhrach*

(18) Is é is bunús dlí leis na scéimeanna Acht na Sualainne (1994:1776) um Dhleachtanna Máil maidir le Fuinneamh. Tá dhá chuid i ndleacht mháil na Sualainne: cáin fuinnimh agus cáin ar dhé-ocsaíd carbóin (CO_2).

(19) Deonaíodh an chabhair, mar a d'fhormheas an Coimisiún i gcinntí SA.43302 agus SA.49893, i bhfoirm díolúine iomlán ó na cánacha fuinnimh agus CO_2 i bhfabhar

(a) bia agus bithghás neamh-bhiabhunaithe a úsáidtear mar bhreosla mótair, agus

(b) bithghás ó bhia agus bithghás neamh-bhiabhunaithe agus bithbhreoslaí eile a úsáidtear le haghaidh téimh (a shainmhínítear le chéile mar na 'díolúintí ó cháin').

([17]) EU:T:2022:853, mír 105.
([18]) EU:T:2022:853, mír 122.
([19]) EU:T:2022:853, míreanna 110, 112 agus 126.
([20]) EU:T:2022:853, mír 127.
([21]) Cf. fonóta 1.
([22]) Rialachán Uimh. 1 lena gcinntear na teangacha a úsáidfidh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lch. 385).

2.1.2. *Modhnuithe ar na scéimeanna ar tugadh fógra ina leith mar a formheasadh iad i gcinntí SA.43302 agus SA.49893*

(20) Thug an tSualainn fógra faoin méid seo a leanas i) fadú na scéimeanna go dtí an 31 Nollaig 2030 (i ndáil le bithghás le haghaidh na scéime breosla téimh amháin), ii) bithghás ó bhia a eisiamh; agus iii) bithphrópán neamh-bhiabhunaithe a áireamh, chomh maith le bithghás neamh-bhiabhunaithe. Leasaigh an tSualainn an reachtaíocht atá ann cheana chun na hathruithe sin a thabhairt isteach. Tháinig na forálacha nua i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021.

(21) Ciallaíonn bithghás breoslaí gásacha arna dtáirgeadh ó bhithmhais. I bhformhór na gcásanna, is éard is bithghás ann meatán a tháirgtear ó bhithmhais agus is éard is bithphrópán ann própán nó bútán a tháirgtear ó bhithmhais. Ciallaíonn sé sin, mura ndíolmhaítear ó cháin é, go ngearrfaí cáin ar bhithghás de réir ráta an mheatáin iontaise, is é sin gás nádúrtha, agus go ngearrfaí cáin ar bhithphrópán de réir ráta an phrópáin iontaise, dá ngairtear gás peitriliam leachtaithe (GPL) de ghnáth.

(22) Ní áirítear sa scéim breosla téimh arna modhnú ach bithghás agus bithphrópán neamh-bhiabhunaithe agus níl sí oscailte a thuilleadh do bhithbhreoslaí eile. Cuireadh deireadh leis an iardhíolúine ó cháin do bhithleachtanna inchánacha, amhail meatánól neamhshintéiseach, saillte agus olaí ainmhíocha agus plandúla i reachtaíocht na Sualainne amhail ón 1 Eanáir 2021.

(23) D'áitigh an tSualainn go n-áirítear i raon feidhme na scéimeanna leasaithe na teicneolaíochtaí uile chun gás a tháirgeadh ó bhithmhais inbhuanaithe atá in iomaíocht faoi láthair.

(24) Ina theannta sin, tá sé deimhnithe ag an tSualainn go leanfaidh sí na forbairtí margaidh go rialta agus, más gá, go ndéanfaidh sí athbhreithniú ar na rialacha incháilitheachta chun a áirithiú gur féidir údar a thabhairt fós le haon teorainneacha ar incháilitheacht nuair a fhorbrófar teicneolaíochtaí nó cuir chuige nua nó nuair a bheidh níos mó sonraí ar fáil.

(25) Le bheith incháilithe do na díolúintí ó cháin, ní mór don bhithghás agus don bhithphrópán na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar ghás ceaptha teasa a leagtar amach in Acht na Sualainne (2010:598) maidir le critéir inbhuanaitheachta do bhithbhreoslaí, do bhithleachtanna agus do bhreoslaí bithmhaise a chomhlíonadh. Leis an ngníomh seo, cuirtear chun feidhme an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite ('RED I') ([23]), arna leasú leis an Treoir maidir le hAthrú Indíreach ar an Talamhúsáid ([24]) agus tugadh cothrom le dáta é an 1 Iúil 2021 chun na hathruithe sa Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite ('RED II') a chur san áireamh ([25]). Bithghás agus bithphrópán neamh-bhiabhunaithe a chomhlíonann na critéir is infheidhme, is iad sin amháin atá incháilithe do na díolúintí ó cháin. Gearrtar cáin ar bhithghás agus bithphrópán neamh-inbhuanaithe (chomh maith le bithghás ó bhia ([26]) agus bithphrópán ó bhia-) ag ráta an gháis nádúrtha agus an GPL faoi seach.

(26) Ní chuireann an tSualainn córas cuótaí, oibleagáid chumaisc ná aon chóras eile i bhfeidhm a bhfuil éifeachtaí comhchosúla aige maidir le bithghás agus bithphrópán a úsáidtear mar bhreosla mótair nó a úsáidtear le haghaidh téimh, agus tá sé curtha in iúl aici nach bhfuil sé i gceist aici aon bheart den sórt sin a chur i bhfeidhm ar feadh thréimhse na scéimeanna.

(27) Dheimhnigh údaráis na Sualainne freisin, i gcás bithghás agus bithphrópán a chumasc le cineálacha eile gáis/breosla, nach bhfuil na díolúintí ó cháin infheidhme ach amháin maidir leis an gcuid in-athnuaite de mheascáin den sórt sin.

([23]) Treoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoir 2001/77/CE agus Treoir 2003/30/CE (IO L 140, 5.6.2009, lch. 16).

([24]) Treoir (AE) 2015/1513 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leasaítear Treoir 98/70/CE a bhaineann le cáilíocht breoslaí peitril agus díosail agus lena leasaítear Treoir 2009/28/CE maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 239, 15.9.2015, lch. 1).

([25]) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lgh. 82-209). Tugann an Coimisiún dá aire go ndearnadh athbhreithniú ar RED II in 2023 agus gur tháinig Treoir AE/2023/2413 ('RED III') athbhreithnithe i bhfeidhm an 20 Samhain 2023 (Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (IO L, 2023/2413, 31.10.2023, lch. 1)).

([26]) Ar bhonn Airteagal 2(40) de RED II, '*ciallaíonn "barra bia agus beatha" barra stáirse-shaibhir, siúcraí nó barra-ola a tháirgtear ar thalamh talmhaíochta mar phríomhbharra, seachas iarmhair, dramhaíl nó ábhar ligniceallalóis agus barra breise, amhail barra eatraimh agus barra cumhdaigh, ar choinníoll nach spreagtar éileamh ar thalamh breise le húsáid barr breise den sórt sin*'.

2.1.3. *Cuspóir*

(28) Is é príomhchuspóir na scéimeanna an comhshaol a chosaint trí úsáid mhéadaithe a bhaint as bithghás agus bithphrópán inbhuanaithe nach ndíorthaítear ó bhia mar bhreosla mótair agus téimh. Míníonn an tSualainn, ós rud é go ngineann úsáid breoslaí iontaise leibhéil níos airde astaíochtaí gás ceaptha teasa, go dtiocfaidh laghdú ar na hastaíochtaí sin mar thoradh ar ghás nádúrtha a chur in ionad bithgháis agus ar bhithphrópán a chur in ionad GPL. Cé go ndeachaigh an tSualainn thar a sprioc náisiúnta maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh le haghaidh 2020, mhínigh údaráis na Sualainne go mbeadh laghdú breise ar astaíochtaí den sórt sin ríthábhachtach chun sprioc 2030 an Aontais maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh a bhaint amach chomh maith leis an sprioc náisiúnta chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar intíre a laghdú 70 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le 2010. Ina theannta sin, ba cheart go gcuirfeadh na scéimeanna le hiarrachtaí na Sualainne agus an Aontais ina iomláine Comhaontú Pháras a bhaint amach.

(29) A mhéid a bhaineann leis an scéim breosla mótair, dúirt údaráis na Sualainne gurb í an earnáil iompair is cúis le thart ar thrian d'astaíochtaí iomlána CO_2 sa tSualainn. Mhínigh údaráis na Sualainne go mbeadh úsáid mhéadaithe bithgháis agus tabhairt isteach bithphrópáin mar bhreosla mótair ríthábhachtach chun spriocanna aeráide fadtéarmacha na Sualainne a bhaint amach (e.g. tá sé mar aidhm ag an tSualainn glanastaíochtaí nialasacha gás ceaptha teasa a bheith aici san atmaisféar faoi 2045 agus astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin) agus uaillmhian flít feithiclí saor ó bhreosla iontaise a bhaint amach. Bealach amháin chun úsáid breoslaí iontaise a laghdú sa tSualainn is ea trí thuilleadh gás in-athnuaite amhail bithghás agus bithphrópán a chur in ionad breoslaí iontaise, arb é cuspóir na scéime é.

(30) Ar bhonn staidreamh fuinnimh agus réamhaisnéisí Ghníomhaireacht Fuinnimh na Sualainne ('SEA'), léirigh údaráis na Sualainne tráth an fhógra go bhfuil méadú beag tagtha ar úsáid bithgháis ó 2013 ach go bhfuil sí fós íseal, i.e. faoi bhun 2 % den fhuinneamh iomlán a úsáidtear in earnáil an iompair, agus nach meastar go dtiocfaidh méadú mór uirthi sa chúpla bliain atá amach romhainn. Mhínigh údaráis na Sualainne go bhfuil an costas a bhaineann le bithghás a tháirgeadh ró-ard chun go mbeidh na breoslaí sin in ann dul in iomaíocht lena mbreoslaí iontaise coibhéiseacha. Rinneadh infheistíochtaí áirithe i dtáirgeadh bithgháis cheana féin, ach tá gá le héileamh suntasach ar bhithghás chun infheistíochtaí sna feithiclí agus sa bhonneagar is gá a choinneáil ar bun agus a chumasú.

2.2. **Tairbhithe agus cáiníocóirí**

(31) Is iad seo a leanas na tairbhithe díreacha faoin dá scéim.

(32) Faoin scéim breosla mótair, is iad tairbhithe díreacha na ndíolúintí ó cháin na gnóthais atá faoi dhliteanas cánacha fuinnimh agus CO_2 a íoc ar ghás agus tuairisceán cánach a chomhdú (na 'cáiníocóirí'). Is soláthróirí breosla agus allmhaireoirí bithgháis (agus bithphrópáin) iad. D'fhéadfadh táirgeoirí bithgháis (agus bithphrópáin) a bheith ina measc freisin, sa mhéid gur soláthróirí breosla nó tomhaltóirí deiridh iad. I mbeagán focal, tá an cháin dlite nuair a fhágann an breosla mótair an trádstóras breosla deireanach sula ndíoltar é leis na tomhaltóirí deiridh. Díolmhaítear na cáiníocóirí ó na cánacha fuinnimh agus CO_2 ar ghás agus meastar go gcuirfidh siad an sochar díolúine ó cháin ar aghaidh ansin agus an bithghás (nó an bithphrópán) á dhíol acu le tomhaltóirí deiridh (e.g. cuideachta iompair nó duine príobháideach a bhreoslaíonn feithicil ag stáisiún gáis).

(33) Faoin scéim breosla téimh, is iad na húsáideoirí deiridh (e.g. cuideachtaí atá gníomhach sna hearnálacha téimh, téimh ceantair nó monaraíochta) tairbhithe díreacha na ndíolúintí ó cháin. Sa chás sin, féadfaidh an t-úsáideoir deiridh an cháin a asbhaint ina dhearbhú cánach féin (más cáiníocóir na gcánacha fuinnimh agus CO_2 é), ach is coitianta freisin go bhfaigheann an t-úsáideoir deiridh an gás lena n-áirítear cáin agus go ndéanann sé iarratas ar aisíocaíocht.

(34) Is é is aidhm don dá scéim praghas deiridh an bhithgháis agus an bhithphrópáin a laghdú do thomhaltóirí deiridh. Laghdaíonn na scéimeanna freisin na costais tomhaltais do tháirgeoirí a tháirgeann bithghás (agus bithphrópán) dá n-úsáid féin.

(35) Cé gurb iad tairbhithe díreacha na scéimeanna na gnóthais a éilíonn na díolúintí ó cháin don ghníomhaireacht chánach (go díreach do na cáiníocóirí nó mar aisíocaíocht do na húsáideoirí deiridh sa scéim breosla téimh), téann na scéimeanna chun tairbhe go hindíreach do tháirgeoirí bithgháis agus bithphrópáin inbhuanaithe. Baineann siad tairbhe indíreach as na scéimeanna trí éileamh méadaithe ar a dtáirgí (bithghás nó bithphrópán inbhuanaithe) ó thomhaltóirí deiridh.

(36) Tá na scéimeanna oscailte do bhithghás agus do bhithphrópán a tháirgtear sa tSualainn agus do bhithghás agus bithphrópán allmhairithe araon.

(37) Mhínigh údaráis na Sualainne nach margadh aonchineálach é margadh na Sualainne a bhfuil na saintréithe céanna aige. Ar chósta thiar na Sualainne, tá eangach gháis atá ceangailte leis an Danmhairg agus dá bhrí sin le roinnt tíortha Eorpacha eile. Mar sin féin, ní chumhdaítear leis an líonra Eorpach sin ach cuid an-bheag den mhórchríoch iomlán sa tSualainn. In áiteanna eile den tSualainn, mar shampla i Stócólm, tá líonraí áitiúla ann. Mar sin féin, i bhformhór na réigiún níl aon líonraí gáis ann ar chor ar bith. Sna limistéir sin, dáileann trucailí gás ar stáisiúin soláthair. Mhínigh údaráis na Sualainne freisin gur táirgeoirí beaga iad formhór na dtáirgeoirí sa tSualainn a tháirgeann bithghás dá dtomhaltas féin (e.g. feirmeoirí a úsáideann aoileach óna bhfeirm) nó do chustaiméir amháin nó do bheirt chustaiméirí (e.g. cuideachta dramhaíola áitiúil a úsáideann dramhaíl chathrach agus a tháirgeann bithghás don téamh ceantair nó do chuideachta bus áitiúil). Déanann allmhairiú bithgháis, gáis nádúrtha nó táirgeadh bithgháis in áiteanna eile sa tSualainn difear diomaibhseach do na 'margaí áitiúla' sin.

(38) Chun tairbhe a bhaint as na díolúintí ó cháin, ní mór don tairbhí díreach (cáiníocóir sa scéim breosla mótair nó úsáideoir deiridh sa scéim breosla téimh) cinneadh a sholáthar ó Ghníomhaireacht Fuinnimh na Sualainne lena léirítear go bhfuil an bithghás agus an bithphrópán a thairbheodh den díolúine ó cháin inbhuanaithe agus neamh-bhiabhunaithe. Tá córas rialaithe curtha i bhfeidhm ag an tSualainn trína bhfaigheann na tairbhithe díreacha cinneadh ó Ghníomhaireacht Fuinnimh na Sualainne lena ndeimhnítear go gcomhlíontar na critéir inbhuanaitheachta agus go ndíorthaítear an bithghás nó an bithphrópán ó fhoinsí neamh-bhiabhunaithe.

(39) Riarann Gníomhaireacht Cánach na Sualainne íocaíocht na cánach ó na cáiníocóirí agus áirithíonn sí, tríd an dearbhú cánach míosúil a sheiceáil *ex post* agus trí iniúchtaí rialta a dhéanamh, go bhfuil na cáiníocóirí ag leanúint na bhforálacha dlíthiúla maidir leis na rátaí cánach is infheidhme, na díolúintí agus na coinníollacha eile a leagtar síos in Acht na Sualainne um Dhleachtanna Máil ar Fhuinneamh. I gcás iarratas ar aisíocaíocht, déanann Gníomhaireacht Chánach na Sualainne bearta rialaithe agus iniúchóireachta comhchosúla.

(40) Dheimhnigh údaráis na Sualainne go ndeonaítear an chabhair go huathoibríoch i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha, go bhfuil sí oscailte d'aon ghnóthas a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus nach féidir le Gníomhaireacht Cánach na Sualainne aon bheart lánroghnach a dhéanamh.

(41) Maidir leis an gcoinníoll i bpointe 131(d) EEAG, dheimhnigh an tSualainn nach ndeonófaí aon chabhair tar éis do na gléasraí a bheith dímheasta go hiomlán de réir na ngnáthrialacha cuntasaíochta.

2.3. **Leibhéal cabhrach agus faireachán ar róchúiteamh**

(42) Deonaítear na díolúintí ó cháin chun an difríocht idir na costais níos airde a bhaineann le bithghás agus bithphrópán neamh-bhiabhunaithe inbhuanaithe agus na costais a bhaineann le gás nádúrtha agus GPL faoi seach a chúiteamh.

(43) Tá na scéimeanna faoi réir faireachán rialta ag údaráis na Sualainne. Tá gealltanas tugtha ag an tSualainn tuarascálacha faireacháin bliantúla a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus na leibhéil chabhrach a oiriúnú, más gá, chun aon róchúiteamh a sheachaint amach anseo.

2.3.1. *Scéim breosla mótair*

(44) Tá na tuarascálacha faireacháin bunaithe ar fhaisnéis mhionsonraithe arna bailiú ag Gníomhaireacht Fuinnimh na Sualainne ó na cáiníocóirí, maidir le bithghás a tháirgtear ar bhonn intíre agus bithghás allmhairithe araon. Bailíonn Gníomhaireacht Fuinnimh na Sualainne sonraí trí oibleagáid tuairiscithe do cháiníocóirí a bhaineann tairbhe as an scéim, i.e. soláthróirí breosla, allmhaireoirí agus táirgeoirí (a mhéid is cáiníocóirí iad na táirgeoirí sin).Áirítear leis an bhfaisnéis a cheanglaítear sonraí maidir le méideanna agus costais a bhaineann le bithghás a tháirgeadh, a allmhairiú nó a cheannach go díreach. Soláthraíonn táirgeoirí sonraí maidir lena gcostais táirgthe agus soláthraíonn eintitis tuairiscithe eile sonraí maidir le praghas ceannaigh an bhithgháis. I gcás allmhaireoirí, comhfhreagraíonn an praghas sin don phraghas ceannaigh iarbhír lena n-áirítear custaim agus loingseoireacht.

(45) Cinntear costas an bhithgháis trí mheán ualaithe de réir toirte a ríomh idir costais táirgeachta, allmhairiúcháin agus cheannaigh dhearbhaithe. Cuirtear costas an bhithgháis i gcomparáid ansin le costas a choibhéise iontaise ([27]) (lena n-áirítear cánacha), arna choigeartú le haghaidh chion an fhuinnimh ([28]).

([27]) Maidir le costas an gháis nádúrtha, bunaíonn Gníomhaireacht Fuinnimh na Sualainne é féin ar mheán bliantúil na bpraghsanna do chustaiméirí tionsclaíocha (Foinse: Oifig Staidrimh na Sualainne).

([28]) Chun praghas an bhreosla in-athnuaite a chur i gcomparáid lena chontrapháirtí iontaise, ní mór coigeartú a dhéanamh le haghaidh an chion fuinnimh éagsúil. Tá cion fuinnimh níos airde ag gás nádúrtha ná mar atá ag bithghás (11,05 kWh/L agus 9,7 kWh/L faoi seach, ar bhonn mheastacháin Ghníomhaireacht Fuinnimh na Sualainne).

(46) Mhínigh údaráis na Sualainne go mbeadh tionchar ar an ríomh ag scéimeanna cabhrach féideartha eile lena laghdaítear na costais táirgthe nó na praghsanna allmhairiúcháin agus ceannaigh. Más táirgeoir é an cáiníocóir, áireofar an chabhair a dheonaítear ar an leibhéal táirgeachta sna costais a thuairiscítear (mar shampla i gcostais chaipitil). Más soláthróir breosla nó allmhaireoir é an cáiníocóir, is dócha go mbeidh tionchar ag an gcabhair a dheonaítear ar an leibhéal táirgeachta ar na praghsanna ceannaigh nó allmhairiúcháin a thuairiscítear.

(47) Chuir an tSualainn torthaí na dtuarascálacha faireacháin isteach maidir le bithghás a úsáidtear mar bhreosla mótair do na blianta 2018 agus 2019 ([29]), ar bhonn na modheolaíochta a thuairiscítear in aithrisí (44) go (46). Léirítear i dTábla 1 go bhfuil costas an bhithgháis gan chánacha i bhfad níos airde ná costas an gháis nádúrtha le cánacha.

Tábla 1

Costas an bhithgháis inbhuanaithe sa tSualainn le haghaidh na mblianta 2018 agus 2019

	Bithghás 2019		**Bithghás 2018**	
	SEK/m ^{3}	EUR ([1]) /m ^{3}	SEK/m ^{3}	EUR ([2]) /m ^{3}
(A) Amhábhair ([3])	7,10	0,66	4,96	0,46
(B) Costais saothair	1,02	0,09	0,61	0,06
(C) Costais chaipitil	1,35	0,12	0,77	0,07
(D) Costais phróiseála agus costais eile ([4])	2,69	0,25	2,95	0,27
(E) Costais iompair	1,25	0,12	0,73	0,07
(F) Díolacháin seachtháirgí ([5])	-	-	-	-
G) Costas iomlán (gan chánacha) (A + B + C + D + E - F)	**13,42**	**1,24**	**10,02**	**0,93**
(H) Praghas coigeartaithe le haghaidh an chion fuinnimh ([6])	15,28	1,41	11,42	1,06
(I) Praghas tagartha an gháis nádúrtha (lena n-áirítear cánacha) ([7])	6,73	0,62	7,30	0,68
(J) an difríocht idir praghas tagartha an gháis nádúrtha agus praghas an bhithgháis (H - I)	**+ 8,55**	**+ 0,79**	**+ 4,12**	**+ 0,38**

([1]) Arna ríomh le ráta malairte oifigiúil an 1 Deireadh Fómhair 2019: 10,8043 SEK/EUR (IO C 331, 2.10.2019, lch. 5).
([2]) Arna ríomh le ráta malairte oifigiúil an 1 Deireadh Fómhair 2019: 10,8043 SEK/EUR (IO C 331, 2.10.2019, lch. 5).
([3]) Léirítear i ró (A) costais na n-amhábhar le haghaidh eintitis tuairiscithe ar táirgeoirí iad, agus na praghsanna allmhairiúcháin nó ceannaigh ar ar cheannaigh siad an bithghás le haghaidh eintitis tuairiscithe ar soláthróirí breosla nó allmhaireoirí iad.
([4]) Maidir le rún gnó, tá an corrlach brabúis san áireamh i ró (D) Costais phróiseála.
([5]) Níl córas ag an tSualainn faoi láthair chun Ráthaíochtaí Tionscnaimh le haghaidh bithgháis a eisiúint.
([6]) SEK 13,42/m^3 a bhí sna glanchostais iomlána bithgháis le haghaidh 2019. Coigeartaithe le haghaidh an chion fuinnimh (in K) is é sin (11,05/9,7) = SEK 15,28/m^3.
([7]) Áirítear i bpraghas tagartha an gháis nádúrtha praghas an gháis nádúrtha, ar bhonn mheán na bpraghsanna do chustaiméirí tionsclaíocha don bhliain a ndearna Oifig Staidrimh na Sualainne faireachán uirthi, na muirir líonra agus an cháin CO_2. Ba iad SEK 2,516/m^3 agus SEK 2,465/m^3 na rátaí cánach ab infheidhme maidir le gás nádúrtha mar bhreosla mótair in 2019 agus 2018 faoi seach (foinse: Aireacht Airgeadais na Sualainne). Níl gás nádúrtha a úsáidtear mar bhreosla mótair faoi réir na cánach fuinnimh.

Foinse: *Údaráis na Sualainne. Bunaithe ar na tuarascálacha faireacháin le haghaidh 2019 agus 2018 arna dtiomsú ag Gníomhaireacht Fuinnimh na Sualainne.*

([29]) Maidir le 2018, tá sonraí maidir le bithghás curtha ar fáil ag 16 chuideachta. Maidir le 2019, tá sonraí maidir le bithghás curtha ar fáil ag 13 chuideachta.

(48) Tá údaráis na Sualainne ag súil go bhfanfaidh costas an bhithgháis inbhuanaithe gan chánacha níos airde ná costas an gháis nádúrtha le cánacha amach anseo.

(49) Mhínigh an tSualainn go raibh an ráta fillte le haghaidh bithgháis in 2019 thart ar 10 %. Meastar go bhfanfaidh an ráta sin cobhsaí ar feadh thréimhse na scéime.

(50) Níor sholáthair údaráis na Sualainne ach costais mheasta le haghaidh bithgháis, ós rud é nárbh ann do bhithphrópán a úsáideadh mar bhreosla mótair sa tSualainn go fóill tráth an fhógra tosaigh an 1 Aibreán 2020.

(51) I gcás bithphrópáin, measann an tSualainn go bhfuil na costais a bhaineann le bithphrópán atá le húsáid mar bhreosla mótair i bhfad níos airde ná costais GPL. Gheall údaráis na Sualainne, de réir mar a fhásann an margadh don bhithphrópán, go ndéanfar ríomh sa tuarascáil faireacháin bhliantúil de réir modha atá cosúil leis an modh don bhithghás. Déanfaidh Gníomhaireacht Fuinnimh na Sualainn faireachán ar chostais an bhithphrópáin, cuirfidh sí na costais sin i gcomparáid le costais GPL agus coigeartóidh sé leibhéal na cabhrach, más gá, chun róchúiteamh a sheachaint. Má chinneann an tSualainn go dtéann an díolúine ó cháin thar a bhfuil riachtanach chun an difríocht idir costais bhithphrópáin agus GPL a chumhdach, déanfaidh sí leibhéal na cabhrach a choigeartú in ionad díolúine iomlán ó cháin a dheonú.

2.3.2. *Scéim breosla téimh*

(52) Tógtar costas an bhithgháis a úsáidtear sna tuarascálacha faireacháin ar an scéim breosla téimh ó thuarascáil faireacháin Ghníomhaireacht Fuinnimh na Sualainne maidir le bithghás a úsáidtear mar bhreosla mótair. Ós rud é nach gá bithghás atá á thomhailt i ngléasraí téimh nó CTÉ (Gléasraí teasa agus cumhachta in éineacht) a bheith chomh híon céanna, baintear costas na n-uasghráduithe, áfach. Cuirtear costais na lamháltas astaíochtaí leis an ríomh freisin.

(53) Chuir an tSualainn isteach torthaí na dtuarascálacha faireacháin ar bhithghás a úsáidtear mar bhreosla téimh le haghaidh na mblianta 2018 agus 2019.

Tábla 2.

Ríomh na gcostas le haghaidh bithghás a úsáidtear chun críoch téimh i ngléasraí teasa de réir tuarascálacha faireacháin le haghaidh 2019 agus 2018

	Bithghás 2019		**Bithghás 2018**	
	SEK/MWh	EUR ([1])/ MWh	SEK/MWh	EUR ([1])/ MWh
A) Praghas an táirge	1 106	102,4	729	67,5
B) Cáin fuinnimh	-	-	-	-
C) Cáin charbóin	-	-	-	-
D) Costas ar lamháltais astaíochtaí (CTA AE ([2]))	67 ([2])	6,2	59 ([2])	5,5
E) Glaniomlán (A+B+C+D)	**1 173**	108,6	**788**	**72,9**
F) Praghas tagartha an gháis nádúrtha ([3])	703	65,1	761	70,4
G) Difríocht idir praghas tagartha an gháis nádúrtha agus costais táirgeachta an bhithgháis (E-F)	**+ 470**	**+ 43,5**	**+ 17**	**+ 1,6**

([1]) Foinse: Bunaithe ar an tuarascáil faireacháin le haghaidh 2019 agus 2018 a thiomsaigh Gníomhaireacht Fuinnimh na Sualainne. Arna ríomh leis an ráta malairte 10,8043 SEK/EUR de réir Iris Oifigiúil 2019/C 331/05.

([2]) Ós rud é nárbh fhéidir le gléasra a bhí nasctha leis an eangach gáis nádúrtha costas lamháltas astaíochtaí le haghaidh bithgháis a sheachaint ag an am, áiríodh an costas sin.

([3]) Áirítear leis praghas an gháis nádúrtha (a chomhfhreagraíonn do mheánphraghas bliantúil an gháis nádúrtha do chustaiméirí tionsclaíocha sa tSualainn gan chánacha – Eurostat), cánacha (Cáin fuinnimh agus cáin CO2) agus costais do lamháltais astaíochtaí (CTA AE).

(Foinse – Údaráis na Sualainne)

Tábla 3.

Ríomh an chostais le haghaidh bithgháis a úsáidtear chun críoch téimh i ngléasraí CTÉ de réir tuarascálacha faireacháin le haghaidh 2019 agus 2018

	Bithghás 2019		Bithghás 2018	
	SEK/MWh	EUR ([1])/ MWh	SEK/MWh	EUR ([1])/ MWh
A) Praghas an táirge	1 106	102,4	729	67,5
B) Cáin fuinnimh	-	-	-	-
C) Cáin charbóin	-	-	-	-
D) Costas do lamháltais astaíochtaí (CTA AE[2])	67 ([2])	6,2	59 ([2])	5,5
E) Glaniomlán (A+B+C+D)	**1 173**	108,6	**788**	**72,9**
F) Praghas tagartha an gháis nádúrtha ([3])	560	51.8	521	48.2
G) Difríocht idir praghas tagartha an gháis nádúrtha agus costais táirgeachta an bhithgháis [(F-E)	**+ 613**	**+ 56,7**	**+ 267**	**+ 24,7**

([1]) 1 Foinse: Bunaithe ar an tuarascáil faireacháin le haghaidh 2019 agus 2018 a thiomsaigh Gníomhaireacht Fuinnimh na Sualainne. Arna ríomh leis an ráta malairte 10,8043 SEK/EUR de réir Iris Oifigiúil 2019/C 331/05.

([2]) 2 Ós rud é nárbh fhéidir le gléasra a bhí nasctha leis an eangach gáis nádúrtha costas lamháltas astaíochtaí le haghaidh bithgháis a sheachaint ag an am, áiríodh an costas sin.

([3]) 3 Áirítear leis praghas an gháis nádúrtha (a chomhfhreagraíonn do mheánphraghas bliantúil an gháis nádúrtha do chustaiméirí tionsclaíocha sa tSualainn gan chánacha – Eurostat), cánacha (Cáin fuinnimh agus cáin CO2) agus costais do lamháltais astaíochtaí (CTA AE).

(Foinse – Údaráis na Sualainne)

(54) Léirítear i dTáblaí 2 agus 3 go bhfuil an difríocht idir meánchostais iomlána táirgthe fuinnimh ('LCOE') le haghaidh bithgháis agus praghas margaidh an gháis nádúrtha dearfach, tar éis an díolúine ó cháin a chur san áireamh, i gcás bithgháis a úsáidtear chun críoch téimh i ngléasraí teasa agus bithgháis a úsáidtear i ngléasraí CTÉ araon. Tá bithghás a úsáidtear chun críoch téimh níos costasaí ná gás nádúrtha d'ainneoin na ndíolúintí ó cháin.

(55) A mhéid a bhaineann leis an gcáin CO_2, mhínigh údaráis na Sualainne gur ardaíodh an cháin charbóin ar ghás nádúrtha ó 11 faoin gcéad den leibhéal ginearálta go 91 faoin gcéad i ngléasraí CTÉ a thagann faoi CTA AE an 1 Lúnasa 2019. Amhail ón 1 Eanáir 2023, ní thoibhítear cáin CO_2 in aon ghléasra teasa a thagann faoi CTA AE. Ardaíodh an cháin fuinnimh níos ísle ó 30 faoin gcéad go 100 faoin gcéad. Dá bhrí sin, tá na leibhéil chánach agus, dá bhrí sin, praghas an gháis nádúrtha a úsáidtear le haghaidh téimh in CTÉ mar an gcéanna leis na leibhéil i ngléasraí téimh. Níor tharla róchúiteamh mar thoradh ar an athrú cánach (mar a léirítear i dtábla 3 thuas).

(56) Tá údaráis na Sualainne ag súil go mbeidh costas an bhithgháis inbhuanaithe a úsáidtear chun críoch téimh gan chánacha fós níos airde ná costas an gháis nádúrtha le cánacha amach anseo.

(57) Ar an gcaoi chéanna leis an scéim breosla mótair (féach aithris (50)), mar gheall ar ghanntanas bithphrópáin ar mhargadh na Sualainne ([30]), níl aon sonraí leordhóthanacha ag na húdaráis náisiúnta maidir lena chostais. Ar bhonn faisnéis a chuir dhá tháirgeoir bithphrópáin de chuid na Sualainne ar fáil, measann údaráis na Sualainne, áfach, go bhfuil costas an bhithphrópáin beagnach dhá oiread an chostais a bhaineann le própán iontaise. Gheall údaráis na Sualainne bithphrópán a áireamh sna tuarascálacha faireacháin bliantúla amhail ó theacht i bhfeidhm na scéime, a chostais táirgeachta a chur i gcomparáid le costais an phrópáin iontaise agus an chabhair a choigeartú, más gá, chun róchúiteamh a sheachaint.

([30]) Measann údaráis na Sualainne go bhfuil tuairim is 10 000 tona de bhithphrópán á dhíol gach bliain ar mhargadh na Sualainne (níos lú ná 10 % den phrópán ar fad ar an margadh).

2.4. **Buiséad agus fad**

(58) D'iarr an tSualainn síneadh 10 mbliana a chur leis na scéimeanna, ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2030.

(59) Tar éis neamhniú Chinntí 2020, d'fhoilsigh Gníomhaireacht Cánach na Sualainne ráiteas an 7 Márta 2023 inar luadh nach féidir leis an ngníomhaireacht díolúine ó cháin a dheonú a thuilleadh le haghaidh bithgháis nó bithphrópáin. ([31])

(60) Maoinítear na díolúintí ó cháin ó bhuiséad an Stáit i bhfoirm ioncam cánach ligthe thar ceal.

(61) Mheas údaráis na Sualainne gurb é thart ar SEK 5,15 billiún (EUR 477 milliún ([32])) an buiséad do thréimhse iomlán na scéime breosla mótair, agus buiséad bliantúil de thart ar SEK 0,47 billiún (EUR 43 mhilliún) ag gabháil leis. Maidir leis an scéim breosla téimh, mheas údaráis na Sualainne gurb é thart ar SEK 5,94 billiún (EUR 550 milliún) buiséad iomlán na scéime idir an 1 Eanáir 2021 agus an 31 Nollaig 2030.

2.5. **Carnadh**

(62) Go ginearálta, is féidir na díolúintí ó cháin a charnadh le cabhair, agus go háirithe cabhair le bithghás agus bithphrópán inbhuanaithe a tháirgeadh.

(63) Sa tSualainn, féadfaidh údaráis éagsúla de chuid na Sualainne cabhair infheistíochta lena gcuirtear bithghás agus bithphrópán inbhuanaithe chun cinn a dheonú faoi scéimeanna Státchabhrach chun críocha taighde agus nuálaíochta nó comhshaoil faoin Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine ('GBER'). ([33])

(64) Ina theannta sin, féadfar cabhair oibriúcháin a dheonú chun bithghás agus bithphrópán inbhuanaithe a chur chun cinn faoin Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.

(65) Mhínigh údaráis na Sualainne go n-áirítear méideanna cabhrach a dheonaítear do tháirgeoirí bithgháis agus bithphrópáin san fhaireachán, agus ar an gcaoi sin go gcuirtear san áireamh iad sa mheasúnú ar róchúiteamh.

(66) Níos beaichte fós, mhínigh údaráis na Sualainne go gcuirtear aon chabhair a dheonaítear do tháirgeoir, sa tSualainn nó i mBallstát eile, san áireamh san fhaireachán ar róchúiteamh go díreach, nuair is táirgeoir é an t-eintiteas tuairiscithe, nó go hindíreach, nuair is soláthróir breosla nó allmhaireoir é an t-eintiteas tuairiscithe (féach aithris (46)).

(67) Dheimhnigh an tSualainn go gcomhlíonann sí ceanglais Airteagal 30 de Threoir (AE) 2018/2001 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (RED II) agus go bhfuil sí ag obair faoi láthair ar Bhunachar Sonraí an Aontais dá dtagraítear in RED II agus arna fhorbairt tuilleadh in RED III. Mhínigh an tSualainn, ós rud é nach raibh an córas sin ar fáil nuair a dhear an tSualainn na scéimeanna agus nuair a thug sí fógra fúthu, ná nuair a thug an Coimisiún faoin measúnú seo, nárbh fhéidir go dtí seo faisnéis maidir le tacaíocht a fuarthas cheana ó dhoiciméadacht an chórais cothromúcháin maise a chur san áireamh. Mar sin féin, mhínigh an tSualainn nach mbeidh gá le haon athrú ar dhearadh na scéimeanna nuair a bheidh Bunachar Sonraí an Aontais ag feidhmiú go hiomlán agus nuair a bheidh an fhaisnéis atá ann cuimsitheach. Is amhlaidh atá toisc go ndéantar tacaíocht a dheonaítear do tháirgeoirí bithgháis agus bithphrópáin thar lear a mheas go hindíreach cheana féin trí éifeacht na tacaíochta ar phraghsanna allmhairiúcháin san fhaireachán, agus dá bhrí sin cuirtear san áireamh í chun measúnú a dhéanamh ar róchúiteamh (féach aithrisí (65) agus (66)).

([31]) https://www.skatteverket.se/foretag/skatterochavdrag/punktskatter/nyheterinompunktskatter/2023/nyheterinompunktskatter/beslutomskattebefriadbiogasochbiogasologiltigforklarat.5.48cfd2185efbb440b47b0.html.

([32]) Arna ríomh le ráta malairte oifigiúil an 1 Deireadh Fómhair 2019: 10,8043 SEK/EUR (IO C 331, 2.10.2019).

([33]) Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

2.6. **Trédhearcacht agus forálacha eile**

(68) Gheall údaráis na Sualainne na forálacha trédhearcachta faoi Roinn 3.2.7 de na Treoirlínte maidir le Státchabhair do chosaint an chomhshaoil agus don fhuinneamh agus Roinn 3.2.1.4 de Threoirlínte 2022 maidir le Státchabhair le haghaidh na haeráide, chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh ('CEEAG') a chomhlíonadh ([34]) agus an fhaisnéis uile is gá a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin. ([35])

(69) Mhínigh údaráis na Sualainne, chun bheith incháilithe do na díolúintí ó cháin faoi na scéimeanna, go bhféadfadh sé nach bhféadfadh faighteoir na cabhrach a bheith faoi réir ordú gnóthaithe gan íoc tar éis cinneadh roimhe sin ón gCoimisiún lena ndearbhaítear go bhfuil cabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach, nó go bhféadfadh sé a bheith ina chuideachta i gcruachás, mar a shainmhínítear sna Treoirlínte maidir le Teacht i gCabhair agus Athstruchtúrú. ([36])

2.7. **Forais chun an nós imeachta a thionscnamh**

(70) Ghlac an Coimisiún an Cinneadh Tosaigh an 30 Eanáir 2024.

(71) Mar a mhínítear i Roinn 3.3.1 den Chinneadh Tosaigh, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhoiriúnacht na scéimeanna leis an margadh inmheánach, ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 26 Eanáir 2022, ar bhonn na gcoinníollacha a leagtar síos i Ranna 3.2 agus 3.3 EEAG agus ón 27 Eanáir 2022, ar bhonn na gcoinníollacha a leagtar síos i Ranna 3 agus 4.1 CEEAG.

(72) I bhfianaise chonclúidí na Cúirte Ginearálta (féach aithrisí (7) go (12)) gur cheart go mbeadh amhras ar an gCoimisiún maidir le comhoiriúnacht gnéithe áirithe den scéim leis an margadh inmheánach agus i bhfianaise na faisnéise a chuir Landwärme ar fáil don Choimisiún (féach roinn 2.7 den Chinneadh Tosaigh), chinn an Coimisiún an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh.

(73) Mar a chuir an Chúirt Ghinearálta i dtábhacht agus ar bhonn faisnéis a cuireadh in iúl di tráth a glacadh na cinntí a cuireadh ar neamhní, thug an Coimisiún dá aire gur cosúil gur tháinig méadú ar allmhairí ó thíortha eile, agus go háirithe ón Danmhairg, sna blianta sular tugadh fógra faoi fhadú na scéimeanna. I bhfianaise an mhéid sin, cheistigh an Coimisiún cad iad na nithe is cinntithí a bhaineann le fás na n-allmhairí bithgháis sa tSualainn agus an bhféadfaí é sin a mhíniú le bearta na Sualainne agus leis na bearta a rinne Ballstáit áirithe eile, go háirithe an Danmhairg. D'fhéach an Coimisiún le soiléiriú maidir leis an tionchar atá ag comhcheangal na cabhrach a deonaíodh sa tSualainn faoi na scéimeanna agus an chabhair a dheonaigh Ballstáit eile do tháirgeoirí bithgháis ar fhás na n-allmhairí bithgháis sa tSualainn a táirgeadh i mBallstáit eile, an Danmhairg go háirithe.

(74) Thairis sin, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le comhréireacht na scéimeanna i bhfianaise carnadh féideartha den chabhair a dheonaítear faoi na scéimeanna atá i gceist leis an gcabhair a thugann an Danmhairg do tháirgeoirí bithgháis. D'fhéach an Coimisiún lena shoiléiriú an raibh an carnadh líomhnaithe le haghaidh na gcostas incháilithe céanna agus má bhí, ar sholáthair sé sin róchúiteamh i bhfabhar táirgeoirí a fhaigheann cabhair táirgeachta sa Danmhairg nuair a dhíolann siad bithghás sa tSualainn. D'iarr an Coimisiún eolas ó pháirtithe leasmhara freisin ar eagla go mbeadh fianaise choincréiteach acu a thabharfadh le tuiscint, dar leo, go bhfuil róchúiteamh ann ó scéimeanna na Sualainne do thairgeoirí i gcásanna ina ndeonaíonn Ballstát eile cabhair táirgeachta.

([34]) IO C 80, 18.2.2022, lch. 1.
([35]) https://www.tillvaxtanalys.se/statsstod.html agus https://www.riksdagen.se/sv/Dokument-Lagar/.
([36]) Treoirlínte maidir le Státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóthais neamhairgeadais atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu (IO C 249, 31.7.2014, lch. 1).

3. BARÚLACHA Ó PHÁIRTITHE LEASMHARA

(75) San iomlán, chuir sé thríú páirtí barúlacha isteach maidir leis an gCinneadh Tosaigh: Landwärme, Gníomhaireacht Fuinnimh na Danmhairge (DEA), Comhlachas Gáis na Sualainne, an Chónaidhm Eorpach um Fhuinneamh In-athnuaite (EREF), Eurogas (comhlachas gáis) agus Comhairleoirí Gáis Ghlais (gnólacht comhairliúcháin Gearmánach).

(76) Ina aighneacht, dheimhnigh Landwärme go léiríonn an Cinneadh Tosaigh go cruinn a chuid aighneachtaí i gcás agus i ngearán na Cúirte an 13 Deireadh Fómhair 2020, ([37]) agus dá bhrí sin rinne sé tagairt iomlán dá argóintí roimhe sin agus ní dhearna sé ach faisnéis bhreise a sholáthar.

(77) Déantar achoimre thíos sna catagóirí seo a leanas ar na barúlacha a chuir na tríú páirtithe isteach: (i) barúlacha maidir le cinntithigh fhás na n-allmhairí bithgháis (féach roinn 3.1), (ii) barúlacha maidir le róchúiteamh líomhnaithe (féach roinn 3.2) agus (iii) barúlacha maidir le hábhair eile (féach roinn 3.3).

3.1. Cinntithigh maidir le fás allmhairí bithgháis

(78) A mhéid a bhaineann leis na cinntithigh maidir le fás allmhairí bithgháis, d'áitigh Comhlachas Gáis na Sualainne, ós rud é go ngearrtar cáin chomhionann ar bhithghás sa tSualainn, gan beann ar a thionscnamh, nach bhfuil aon tionchar ag an díolúine ó cháin féin ar thionscnamh an bhithgháis a ídítear, ach go bhféadfadh tionchar a bheith ag an gcabhair a dheonaítear sa Danmhairg ar an méadú ar allmhairí bithgháis ón Danmhairg. D'áitigh Comhlachas Gáis na Sualainne go bhfuil tosca eile ann freisin a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar fhás allmhairí bithgháis, e.g., na méaduithe ar leibhéal na cánach CO2 agus fuinnimh ar bhreoslaí iontaise do thionscail áirithe nach n-áirítear in CTA AE a tharla in 2015, 2016, 2018, 2021 agus 2022 agus a chruthaigh méadú ginearálta ar an éileamh ar bhithghás sa tSualainn.

(79) Ina bharúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh, chuir Landwärme sonraí nuashonraithe ar fáil maidir le forbairt allmhairí bithmheatáin na Sualainne chun fianaise a thabhairt ar éifeacht shaofa scéimeanna na Sualainne. Mhínigh Landwärme, cé gur tháinig méadú 145 % ar an mbithmheatán iomlán a úsáideadh sa tSualainn ó bhí 2015 ann, níor tháinig ach méadú 17 % ar an táirgeadh sa tréimhse chéanna (2015-2021), rud a léiríonn, dar leo, go bhfuil an fás ar úsáid an bhithmheatáin beagnach go heisiach mar gheall ar allmhairí. D'áitigh Landwärme freisin gur tháinig méadú ar onnmhairí bithmheatáin na Danmhairge chuig an tSualainn ó 200 GWh go 1,400 GWh idir 2016 agus 2020 agus in 2020, gurbh ionann na hallmhairí sin agus beagnach 75 % d'allmhairí iomlána na Sualainne. Ar deireadh, d'áitigh Landwärme gur allmhairíodh 2 291 GWh in 2021 agus 1 938 GWh in 2022 ón Danmhairg, arb ionann é agus 95 % in 2021 agus 99 % in 2022 de na hallmhairí bithmheatáin uile sa tSualainn ([38]) .

(80) Chuir Landwärme in iúl go raibh táirgeoirí bithmheatáin a charnaigh dhá fhóirdheontas in ann an róchúiteamh sin a úsáid chun a ráthaíochtaí tionscnaimh a thairiscint sa tSualainn ar phraghsanna níos fabhraí ná táirgeoirí nach bhfaigheann cabhair táirgeachta nó a bhfuil orthu an chabhair a aisíoc i gcás onnmhairithe, agus mar thoradh air sin, gur bhrúigh siad táirgeoirí bithmheatáin na Sualainne agus táirgeoirí ó Bhallstáit eile amach as an margadh. D'áitigh Landwärme freisin, cé gur tháinig méadú comhsheasmhach ar allmhairí bithmheatáin ar tugadh fóirdheontas dúbailte ina leith, go raibh táirgeadh bithmheatáin na Sualainne marbhánta agus nach bhféadfaí é a áirithiú ach amháin le fóirdheontais bhreise agus go bhfuil táirgeoirí ó Bhallstáit eile nach bhfuair fóirdheontais brúite go hiomlán amach as margadh na Sualainne.

(81) Rinne an Chónaidhm Eorpach um Fhuinneamh In-athnuaite ráiteas ginearálta gur brúdh táirgeoirí nach bhfuair aon fhóirdheontas amach as na margaí mar gheall ar an míbhuntáiste iomaíochta a cruthaíodh leis an trádáil trasteorann neamhrialaithe le bithmheatán fóirdheonaithe.

([37]) Féach Roinn 2.7 den Chinneadh Tosaigh.

([38]) Bunaithe ar thuarascáil a d'ullmhaigh Comhlachas Gáis na Sualainne le haghaidh Ghníomhaireacht Fuinnimh na Sualainne. Mínítear sa tuarascáil nach bhfuil aon staidreamh iomlán ann maidir le hallmhairí agus onnmhairí bithgháis, ach measadh go dtí seo sa tuarascáil seo gurb é an úsáid iomlán bithgháis sa tSualainn an táirgeadh bithgháis agus an glan-allmhairiú bithgháis trí líonra gáis na Sualainne Thiar (allmhairiú lúide onnmhairiú). Ní mhínítear sa tuarascáil conas a mheastar sciar na Danmhairge (b'fhéidir ar bhonn ráthaíochtaí tionscnaimh).

3.2. **Róchúiteamh líomhnaithe**

(82) Dheimhnigh Gníomhaireacht Fuinnimh na Danmhairge gurb í scéim bithgháis ábhartha na Danmhairge an scéim a luaitear in aithris (89) (b) den Chinneadh Tosaigh, i.e. an scéim lena dtacaítear le huasghrádú bithgháis ionas gur féidir é a instealladh isteach san eangach gháis. Thug Gníomhaireacht Fuinnimh na Danmhairge le fios gur fhormheas an Coimisiún an scéim sin in 2013 ([39]) agus gur dúnadh í le haghaidh iarratais nua in 2019 ([40]). Dheimhnigh Gníomhaireacht Fuinnimh na Danmhairge go bhfuil an tuairisc ar scéim bithgháis na Danmhairge agus ar thástáil róchúitimh na Danmhairge i Roinn 2.9 den Chinneadh Tosaigh ceart. Mhínigh siad, faoi scéim bithgháis na Danmhairge, go ndéanann tairbhithe an méid seo a leanas: (i) préimh aonfhoirmeach a fháil anuas ar phraghas margaidh an gháis nádúrtha; (ii) go bhfuil siad i dteideal ráthaíochtaí tionscnaimh a fháil agus a dhíol agus go n-áirítear na hioncaim sin go léir (ó dhíol gáis (i.e. praghas an gháis nádúrtha), ó dhíol ráthaíochtaí tionscnaimh agus ón bpréimh) i ráitis airgeadais bhliantúla tháirgeoirí bithgháis na Danmhairge. Tá an measúnú róchúitimh bliantúil bunaithe ar fhaisnéis i ráitis airgeadais na dtairbhithe maidir leis an scéim ina hiomláine ([41]). D'áitigh Gníomhaireacht Fuinnimh na Danmhairge go gcuirtear éifeachtaí scéimeanna na Sualainne san áireamh leis an modh sin, toisc go mbeidh ioncam méadaithe a thuairiscítear i ráitis airgeadais bhliantúla na dtairbhithe mar fhreagairt ar an éileamh méadaithe ar bhithghás. D'áitigh Gníomhaireacht Fuinnimh na Danmhairge go bhfuil an measúnú róchúitimh bliantúil a chuireann sé i bhfeidhm dian toisc go bhfuil sé bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí arna grinnfhiosrú ag cuntasóirí. Mhínigh Gníomhaireacht Fuinnimh na Danmhairge freisin go ndéanann an Danmhairg an measúnú *ex post* ar thréimhse rollach 3 bliana. Má léiríonn an tréimhse 3 bliana roimhe sin gur tugadh róchúiteamh do na tairbhithe, déanfar an phréimh a choigeartú síos. Thug Gníomhaireacht Fuinnimh na Danmhairge le fios nár léiríodh aon róchúiteamh sa mheasúnú a rinneadh ar na blianta 2018-2020 agus 2019-2021. Dúirt Gníomhaireacht Fuinnimh na Danmhairge freisin gur léiríodh róchúiteamh den chéad uair i measúnú 2023 sa tréimhse 2020-2022. Léirigh sé sin gur tharla an róchúiteamh go príomha mar gheall ar an mborradh a tháinig ar phraghsanna gáis le linn na tréimhse sin. Dá dheasca sin, laghdaigh an Danmhairg an phréimh sna trí bliana ina dhiaidh sin chun é sin a cheartú.

(83) Mhínigh Comhlachas Gáis na Sualainne go raibh sásra rialaithe bliantúil i bhfeidhm ag an tSualainn le blianta fada chun róchúiteamh a d'fhéadfadh a bheith ann sa tSualainn a bhrath agus nach ndearnadh aon róchúiteamh ar bhithghás go dtí seo. Thug Comhlachas Gáis na Sualainne le fios go léiríonn na tuarascálacha faireacháin na costais a bhaineann le bithghás a tháirgeadh sa tSualainn, lena n-áirítear aon chabhair a deonaíodh do tháirgeoirí. Mhínigh Comhlachas Gáis na Sualainne freisin go bhfuil na tuarascálacha bunaithe ar phraghsanna allmhairiúcháin i gcás bithgháis allmhairithe, ós rud é nach féidir leis an tSualainn faireachán a dhéanamh ar chostais táirgthe ná ar chabhair a dheonaítear i dtíortha eile agus go mbreithnítear cabhair a dheonaítear i dtíortha eile ar aon nós, ós rud é go ndéanfaidh sé difear do phraghas an bhithgháis a onnmhairítear chuig an tSualainn.

(84) Ina theannta sin, thug Comhlachas Gáis na Sualainne dá aire dá dtiocfadh róchúiteamh do tháirgeoirí na Danmhairge as na scéimeanna a chomhcheangal le cabhair táirgeachta na Danmhairge, go mbeadh sé sin le feiceáil i sásra rialaithe na Danmhairge toisc go mbreithníonn an sásra rialaithe sin na costais agus na hioncaim uile, lena n-áirítear an t-ioncam a bhaineann le díolacháin gáis agus ráthaíochtaí tionscnaimh, chomh maith leis an gcabhair ón Danmhairg.

(85) Ina bharúlacha, rinne Landwärme cáineadh ar an modh ríofa a chuir an Coimisiún i bhfeidhm chun an t-uasleibhéal cabhrach is incheadaithe a chinneadh agus measúnú á dhéanamh ar scéimeanna tacaíochta le haghaidh bithmheatáin, lena n-áirítear scéimeanna na Sualainne, maidir le dhá ghné. Dar le Landwärme, déantar foráil leis maidir le róchúiteamh trí gan breithniú a dhéanamh ar (1) ioncam a ghintear trí ráthaíochtaí tionscnaimh a dhíol agus (2) cabhair a dheonaítear i mBallstáit eile. A mhéid a bhaineann leis an gcéad phointe, mhínigh Landwärme go soláthraíonn an t-ioncam a ghintear ó ráthaíochtaí tionscnaimh a dhíol brabúis do tháirgeoirí bithmheatáin. Ós rud é go gcuireann na brabúis sin ar chumas na dtáirgeoirí bithmheatáin a gcostais as bithmheatán a tháirgeadh a chúiteamh (i bpáirt), ní mór iad a chur san áireamh agus an t-uasleibhéal cabhrach is incheadaithe á chinneadh, murach sin, d'fhéadfadh róchúiteamh a bheith mar thoradh ar na scéimeanna cánach. Maidir leis an dara pointe, d'áitigh Landwärme nach gcuirtear san áireamh leis an modh ríofa a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm ach imthosca náisiúnta agus go ndéantar neamhaird ar thrádáil trasteorann. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go bhfuair bithmheatán a onnmhairítear chuig Ballstáit eile cabhair sa tír thionscnaimh cheana féin. Sna himthosca sin, rinneadh na costais bhreise a bhaineann le táirgeadh bithmheatáin a fhritháireamh go páirteach nó go hiomlán cheana féin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh róchúiteamh a bheith mar thoradh ar chabhair bhreise a dheonú sna Ballstáit allmhairiúcháin.

([39]) Cinneadh ón gCoimisiún an 14 Samhain 2013 i gcás SA.35485 (2012/N) – An Danmhairg, Cabhair le haghaidh gach cineál úsáide bithgháis – A (IO C 292, 4.9.2015, lch. 3).

([40]) Féach Ranna 1 agus 2 d'acht Uimh. 1566 an 27 Nollaig 2019 (ar fáil i nDanmhairgis anseo: https://www.retsinformation.dk/eli/lta/2019/1566.) agus roinn 5 Ordú Feidhmiúcháin Uimh. 547 an 28 Aibreán 2020 (ar fáil i nDanmhairgis anseo: https://www.retsinformation.dk/eli/lta/2020/547).

([41]) Mhínigh údaráis na Danmhairge go bhfuil an measúnú sin bunaithe ar ráitis airgeadais bhliantúla na dtairbhithe ionadaíocha, i.e. tairbhithe a mbaineann a ngníomhaíocht aonair nó a bpríomhghníomhaíocht le bithghás. In 2022, mar shampla, bhí 57 gcuideachta san iomlán ar an scéim, ar sainaithníodh 49 gcuideachta ionadaíocha díobh, arb ionann iad agus 96 % den mhéid a dtacaítear leis faoin scéim.

(86) Sholáthair Landwärme ríomh chun a léiriú go mbíonn róchúiteamh do tháirgeoirí na Danmhairge mar thoradh ar charnadh chabhair na Danmhairge, díolúine ó cháin na Sualainne agus ráthaíochtaí tionscnaimh. Chuir Landwärme costais táirgthe bithmheatáin EUR 67,5 in aghaidh an MWh i gcomparáid, de réir eolas margaidh Landwärme, le hioncam atá comhdhéanta den luach gáis fhisiceach (EUR 13,27/MWh) agus mhol sé go sáraíonn an difríocht cheana féin cabhair táirgeachta na Danmhairge (EUR 54,23/MWh vs EUR 55,27/MWh). Ansin chuir Landwärme cabhair na Sualainne (29,56 EUR/MWh) leis agus an t-ioncam ó ráthaíochtaí tionscnaimh (gan a bheith cainníochtaithe). Ar an mbonn sin, mhaígh Landwärme gurb ionann an róchúiteamh agus cabhair na Sualainne móide praghas na ráthaíochta tionscnaimh (chomh maith le cuid bheag de chabhair na Danmhairge) ([42]).

(87) Ar deireadh, chun a áirithiú nach mbeidh róchúiteamh ann, mhol Landwärme go ndéanfadh an tSualainn bithmheatán allmhairithe ar tugadh fóirdheontas ina leith ina tír thionscnaimh a eisiamh ón scéim.

(88) De réir GreenGasAdvisors, ríomh an Danmhairg gur leor an tacaíocht do tháirgeoirí intíre leis an meascán den tacaíocht insteallta agus de dhíol ráthaíochtaí tionscnaimh, dá bhrí sin, dhéanfadh aon tacaíocht bhreise seachas ráthaíochtaí tionscnaimh a dhíol lasmuigh den Danmhairg na costais táirgthe a róchúiteamh trí dhá oiread an mheatáin fhisicigh a chúiteamh.

(89) Rinne an Chónaidhm Eorpach um Fhuinneamh In-athnuaite agus Eurogas barúlacha ginearálta maidir leis an bhfíoras go bhféadfadh róchúiteamh agus saobhadh ar mhargadh an Aontais a bheith mar thoradh ar charnadh scéimeanna cabhrach iomadúla ó thíortha éagsúla agus gur cheart don Choimisiún, ina chleachtas cinnteoireachta, faireachán a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na cabhrach le haird shonrach ar ghnéithe trasteorann agus ar an idirghníomhú idir scéimeanna cabhrach. Chuir an Chónaidhm Eorpach um Fhuinneamh In-athnuaite in iúl gur oth leis nach n-eisiatar le CEEAG onnmhairiú gáis ghlais fhóirdheonaithe i margadh an Aontais.

3.3. **Barúlacha eile a thug tríú páirtithe**

3.3.1. *Cuntasaíocht ar spriocanna foinsí fuinnimh in-athnuaite*

(90) Líomhain roinnt páirtithe leasmhara sárú féideartha ar RED II a mhéid a bhaineann leis na modhanna chun cuntasaíocht a dhéanamh ar spriocanna foinsí fuinnimh in-athnuaite a d'fhéadfadh Ballstáit éagsúla a chur i bhfeidhm agus comhaireamh dúbailte féideartha an aonaid fuinnimh chéanna i spriocanna foinsí fuinnimh in-athnuaite atá nasctha le trádáil trasteorann bithmheatáin fhóirdheonaithe.

3.3.2. *Féidearthacht rátaí cánach éagsúla a chur i bhfeidhm*

(91) D'fhreagair Comhlachas Gáis na Sualainne ar léiriú féideartha na Cúirte Ginearálta gur cheart don tSualainn leibhéil chánach éagsúla a chur i bhfeidhm nó go bhféadfadh sí iad a chur i bhfeidhm ag brath ar an gcabhair a fuarthas sna tíortha tionscnaimh éagsúla ([43]).

(92) Mhaígh Comhlachas Gáis na Sualainne go gceadaítear leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh ([44]) leibhéil chánach éagsúla atá bunaithe ar an gcion bithmhaise ach ní ar an tionscnamh ná ar leibhéil na cabhrach táirgeachta. Thairis sin, de réir Airteagal 110 CFAE, ní cheadaítear do na Ballstáit aon chineál cánachais inmheánaigh a fhorchur ar tháirgí allmhairithe sa bhreis ar an gcánachas a fhorchuirtear ar tháirgí intíre comhchosúla. Dá bhrí sin, chun go mbeidh an fhéidearthacht atá sa Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh idirdhealú a dhéanamh idir leibhéil chánach ar bhonn an chion bithmhaise inoibrithe sa chleachtas, ní mór do na Ballstáit a bheith in ann an leibhéal céanna laghdaithe cánach a chur i bhfeidhm ar tháirgí allmhairithe agus ar tháirgí a tháirgtear ar bhonn intíre cé nach ionann na costais táirgthe agus na leibhéil cabhrach táirgeachta ó thír go tír, rud atá amhlaidh de ghnáth. Tháinig Comhlachas Gáis na Sualainne ar an gconclúid go bhfuil sé réasúnach modh inmharthana a úsáid chun aon róchúiteamh a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás den sórt sin a bhrath agus a cheartú, agus cabhair táirgeachta intíre chomh maith le cabhair a dheonaítear do tháirgeoirí i dtíortha eile á gcur san áireamh. D'áitigh Comhlachas Gáis na Sualainne go n-úsáidtear modh den sórt sin sa tSualainn, mar a thuairiscítear thuas.

([42]) Níor chuir Landwärme fianaise ar fáil chun tacú leis na sonraí a úsáideadh. Is ionann an méid do chabhair na Sualainne agus méid iomlán an bhuntáiste cánach, a ghlacann leis go gcuirtear an buntáiste cánach ar aghaidh go hiomlán chuig an táirgeoir.

([43]) EU:T:2022:853, mír 122.

([44]) Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar an gcreat Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (IO L 283, 31.10.2003, lch. 51).

3.3.3. *Barúlacha breise ó Landwärme maidir le carnadh bhearta na Sualainne*

(93) Ina bharúlacha ar an gCinneadh Tosaigh, cheistigh Landwärme freisin an riosca róchúitimh a d'fhéadfadh teacht as cabhair táirgeachta na Sualainne do tháirgeoirí bithmheatáin na Sualainne. De réir thuiscint Landwärme, níor tugadh fógra don Choimisiún faoin gcabhair sin riamh d'ainneoin go raibh tionchar suntasach aici ar mheasúnú na scéime cánach. D'áitigh Landwärme gur cheart don tSualainn an chabhair táirgeachta sin a chur san áireamh agus leibhéal cabhrach na scéime cánach á chinneadh aici. Mura ndéanfaí sin, d'fhéadfadh róchúiteamh a bheith mar thoradh ar charnadh an dá chabhair. Ar an dara dul síos, ba cheart don tSualainn a áirithiú nach féidir an ráthaíocht tionscnaimh le haghaidh bithmheatán a bhfuair táirgeoirí bithmheatáin cabhair táirgeachta ina leith a onnmhairiú mura n-aisíocann an táirgeoir bithmheatáin an fóirdheontas go hiomlán leis an tSualainn. Mura ndéantar sin, beidh cead ag táirgeoirí bithmheatáin na Sualainne fóirdheontais a charnadh trína ráthaíochtaí tionscnaimh a onnmhairiú. Ar deireadh, ba cheart don tSualainn a áirithiú go léireofar deonú fóirdheontais ar an ráthaíocht tionscnaimh chun imchéimniú a chosc agus chun an fhéidearthacht go ndéanfaí fóirdheonú dúbailte i dtír eile a chur as an áireamh i gcás ina n-onnmhairítear an ráthaíocht tionscnaimh.

4. BARÚLACHA ÓN tSUALAINN

(94) Déantar achoimre sa roinn seo ar na barúlacha a fuarthas ón tSualainn an 5 Márta 2024 maidir leis an gCinneadh Tosaigh agus orthu siúd a fuarthas an 6 Bealtaine 2024 maidir leis na barúlacha ó thríú páirtithe.

4.1. Cinntithigh maidir le fás allmhairí bithgháis

(95) Mhínigh an tSualainn nach bhfuil aon sonraí eimpíreacha aici maidir le tionchair na ndíolúintí ó cháin ar mhéideanna bithgháis allmhairithe ach creideann sí nach bhfuil aon chomhghaol ann. Ós rud é go ngearrtar cáin chomhionann ar bhithghás gan beann ar thionscnamh, níl aon tionchar ag an díolúine ó cháin féin ar thionscnamh an bhithgháis.

(96) D'admhaigh an tSualainn go mb'fhéidir go raibh tionchar ag na fóirdheontais sa Danmhairg ar na hallmhairí isteach i margadh na Sualainne. Tugann an tSualainn dá haire, áfach, go bhféadfadh tosca eile a bheith ann lena gcinntear an méadú ar allmhairí ón Danmhairg ós rud é go bhfuil an margadh gáis idirnáisiúnta agus casta.

(97) Mar fhreagra ar bharúlacha Landwärme, mhínigh an tSualainn nach ndéantar na difríochtaí praghais idir e.g. bithghás na Sualainne, na Danmhairge agus na Gearmáine a chruthú, a neartú ná a neodrú le díolúine ó cháin ar thomhaltas bithgháis ina gcaitear go cothrom le gach bithghás. D'fhéadfadh an díolúine ó cháin difear a dhéanamh (agus tá sé beartaithe go ndéanfaidh sí difear) don phraghas margaidh deiridh ar bhithghás i ndáil le gás nádúrtha. Déanfaidh an díolúine ó cháin difear do mhéideanna an bhithgháis agus an gháis nádúrtha a thomhlaítear sa tSualainn i bhfabhar an bhithgháis. Ach fad is atá an díolúine ó cháin comhionann le gach bithghás, ní bheidh an díolúine ó cháin ina cúis riamh le méideanna coibhneasta an bhithgháis a thomhlaítear i ndáil le tíortha tionscnaimh éagsúla. Fad is a fhaigheann táirgeoirí bithgháis i mBallstát amháin níos mó cabhrach táirgeachta ná táirgeoirí i mBallstát eile, beidh costas táirgeachta an bhithgháis sa chéad Bhallstát níos ísle i gcónaí ós rud é go bhfuil costais táirgeachta eile comhchosúil lena chéile. Ina theannta sin, d'fhéadfaí nach ionann na costais táirgeachta idir dhá Bhallstát nó dhá tháirgeoir i gcónaí, gan beann ar an gcabhair a fhaightear. Tagann an tSualainn ar an gconclúid nach ndéanann díolúine ó cháin chomhionann aon saobhadh atá ann cheana idir gníomhaithe bithgháis a shaobhadh ná a ghéarú.

4.2. Róchúiteamh líomhnaithe

(98) Chuir an tSualainn isteach go bhfuil sásraí rialaithe i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar róchúiteamh a d'fhéadfadh a bheith ann sa tSualainn. Léirítear sna tuarascálacha faireacháin le haghaidh 2018 agus 2019 nár tugadh aon róchúiteamh agus tuartar iontu nár cheart go mbeadh róchúiteamh ann amach anseo. Léirítear sna tuarascálacha faireacháin na costais a bhaineann le bithghás a tháirgeadh sa tSualainn. Maidir le bithghás allmhairithe, tá na ríomhanna bunaithe ar na praghsanna allmhairiúcháin, ar praghsanna iad a fhreagraíonn do na méideanna cabhrach a deonaíodh do tháirgeoir i mBallstát eile agus do ráthaíochtaí tionscnaimh. Mhínigh an tSualainn nach féidir léi na costais táirgeachta a bhaineann le bithghás allmhairithe a mheas: ní fhéadfadh aon eolas a bheith ag an tSualainn ná ag allmhaireoirí ar chostais táirgeachta ná ar chabhair a deonaíodh do tháirgeoirí i dtíortha eile.

(99) Thairis sin, d'admhaigh an tSualainn go bhfuil sásra rialaithe ag an Danmhairg, lena n-áirítear anailís sa bhearna chistiúcháin ar na hioncaim uile, lena n-áirítear ioncaim ó ráthaíochtaí tionscnaimh. Mhínigh an tSualainn, nuair a dhíolann táirgeoirí de chuid na Danmhairge bithghás leis an tSualainn, go bhfreagraíonn an ioncam do na praghsanna onnmhairiúcháin ar an mbealach céanna a fhreagraíonn na costais ar cheannaitheoirí na Sualainne do na praghsanna allmhairiúcháin. Comhlánaíonn sásraí na Danmhairge agus na Sualainne a chéile ina leith sin, agus déanann siad faireachán ar róchúiteamh a d'fhéadfadh a bheith ann i ngach margadh.

(100) A mhéid a bhaineann leis na barúlacha sonracha ó Landwärme, shoiléirigh an tSualainn an méid seo a leanas:

(a) Áirítear aon ioncam ó ráthaíochtaí tionscnaimh i dtástáil róchúitimh na Danmhairge.

(b) Cuirtear an t-ioncam uile san áireamh i dtástáil róchúitimh na Danmhairge, i.e. an t-ioncam tríd an ngás a dhíol thar lear freisin. Cuirtear ráthaíochtaí tionscnaimh agus cabhair táirgeachta na Danmhairge san áireamh, ní hamháin i dtástáil na Danmhairge ach i dtástáil na Sualainne freisin, trí phraghsanna allmhairiúcháin.

(c) Agus tagairt á déanamh don chainníochtú arna sholáthar ag Landwärme (féach aithris (86)), déantar gannmheastachán ar na costais táirgeachta a thaispeántar ar bhonn na faisnéise atá i dtuarascálacha faireacháin na Sualainne agus ní fhreagraíonn costas iarbhír an bhithgháis d'allmhaireoir Sualannach (a chinntear de réir dhálaí éilimh an mhargaidh) dóibh.

(101) A mhéid a bhaineann leis an moladh ó Landwärme gur cheart don tSualainn bithmheatán allmhairithe ar tugadh fóirdheontas ina leith ina tír thionscnaimh a eisiamh ón scéim, d'áitigh an tSualainn nach gcuireann rialacha maidir le Státchabhair cosc ar charnadh cabhrach agus nach mbreithnítear leis an moladh sin an bhfuil róchúiteamh mar thoradh iarbhír ar charnadh cabhrach.

4.3. **Barúlacha eile**

4.3.1. *Cuntasaíocht ar spriocanna foinsí fuinnimh in-athnuaite*

(102) Shoiléirigh an tSualainn nach bhfuil aon chomhaireamh dúbailte ar an aonad fuinnimh céanna i spriocanna foinsí fuinnimh in-athnuaite atá nasctha le trádáil trasteorann bithmheatáin fhóirdheonaithe sa tSualainn.

4.3.2. *Féidearthacht rátaí cánach éagsúla a chur i bhfeidhm*

(103) D'fhreagair an tSualainn ar léiriú féideartha na Cúirte Ginearálta gur cheart don tSualainn nó go bhféadfadh sí leibhéil chánach éagsúla a chur i bhfeidhm ag brath ar an gcabhair a fuarthas sna tíortha tionscnaimh éagsúla ([45]).

(104) D'áitigh an tSualainn nach féidir nó nach bhfuil sé réasúnach rátaí cánach éagsúla atá bunaithe ar thionscnamh an gháis a chur i bhfeidhm ar chúiseanna éagsúla. Is cánacha indíreacha iad dleachtanna máil a bhaineann leis na táirgí agus ní féidir iad a shocrú ina n-aonar ach ba cheart iad a bheith comhionann d'úsáideoirí uile na n-earraí céanna chun na gcríoch céanna. Chomh maith leis sin, níor cheart gurb é an réasúnaíocht a bheadh le dleachtanna máil comhchuibhithe an Aontais difríochtaí sna costais táirgeachta idir earraí ó Bhallstáit éagsúla a chothromú. Thairis sin, tá laghduithe cánach comhlántach le cabhair táirgeachta, toisc go bhfuil cuspóirí éagsúla acu: faoi seach, chun éileamh agus táirgeadh bithgháis a mhéadú.

(105) Chuir an tSualainn in iúl freisin gur cheart, i bprionsabal, faoin Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh an leibhéal cánach céanna a bheith ag táirgí fuinnimh a bhfuil na Cóid AC chéanna acu (nach measann an tír thionscnaimh). Thug an tSualainn dá haire freisin nach bhfuil tosaíocht chomhchuibhithe ag an Aontas maidir le conas tacú leis an mbithghás: trína chinneadh go bhfágann cabhair táirgeachta i mBallstát amháin go bhfuil sé dodhéanta díolúine ó cháin a fháil i mBallstát eile, bheadh an Coimisiún ag roghnú modh tosaíochta tacaíochta do gach Ballstát, i.e., cabhair táirgeachta.

(106) Mar chonclúid, dúirt an tSualainn go mbeadh sé níos iomchuí agus níos éifeachtúla a cheangal nár cheart cabhair táirgeachta a dheonú do tháirgí a onnmhairítear, i gcomparáid lena cheangal go gcuirfí rátaí dleachta máil ar leithligh i bhfeidhm a bheadh bunaithe ar thionscnamh an bhithgháis.

4.3.3. *Barúlacha breise ó Landwärme maidir le carnadh bhearta na Sualainne*

(107) I ndáil leis sin, shoiléirigh an tSualainn go gcuirtear na scéimeanna cabhrach dá dtagraíonn Landwärme chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán ginearálta maidir le blocdhíolúine (féach mar shampla SA.111255 agus SA.112758). Dheimhnigh an tSualainn, i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin ghinearálta maidir le blocdhíolúine, go mbreithnítear aon chabhair eile, amhail an díolúine ó cháin, nuair a chinntear leibhéal comhréireach na cabhrach táirgeachta sa tSualainn, rud a chiallaíonn go gcuirtear an fhadhb charntha líomhnaithe san áireamh cheana féin. Ar deireadh, shoiléirigh an tSualainn nach n-eisítear aon ráthaíochtaí tionscnaimh chuig táirgeoirí bithgháis na Sualainne faoi láthair.

([45]) EU:T:2022:853, mír 122.

5. MEASÚNÚ AR NA SCÉIMEANNA

5.1. Cabhair a bheith ann

(108) Foráiltear le hAirteagal 107(1) CFAE maidir le haon chabhair a dheonaíonn Ballstát nó a dheonaítear trí bhíthin acmhainní Stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe, go mbeidh sí, a mhéid a dhéanann sí difear don trádáil idir Ballstáit, ar neamhréir leis an margadh inmheánach.

(109) Chun teacht ar an gconclúid más ann do Státchabhair, ní mór don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar critéir charnacha Airteagal 107(1) CFAE (i.e. aistriú acmhainní Stáit agus a mhéid atá siad inleagtha ar an Stát, buntáiste roghnaitheach, saobhadh iomaíochta féideartha agus éifeacht ar thrádáil laistigh den Aontas) maidir leis an mbeart atá á mheasúnú.

(110) Tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid cheana féin sa Chinneadh Tosaigh (féach aithrisí (99) go (105) den Chinneadh Tosaigh), gur Státchabhair iad na scéimeanna de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

5.1.1. *Neamhiontaofacht agus acmhainní Stáit*

(111) Bunaítear na díolúintí ó cháin in Acht na Sualainne (1994:1776) maidir le dleachtanna máil (féach aithris (18)) agus laghdaíonn siad ioncam cánach an Stáit. Dá bhrí sin, tá siad inleagtha ar an Stát agus maoinítear iad trí acmhainní Stáit.

5.1.2. *Buntáiste roghnaitheach agus tairbhithe*

(112) Is iad na cáiníocóirí sa scéim breosla mótair agus na húsáideoirí deiridh sa scéim breosla téimh tairbhithe díreacha na scéimeanna (féach aithrisí (32) agus (33)). Is iad sin na tairbhithe nach n-íocann an cháin a d'íocfaí de ghnáth leis an ngníomhaireacht chánach nó na cinn a iarrann ar an ngníomhaireacht chánach an cháin a d'íoc siad ar bhithghás agus bithphrópán neamh-bhiabhunaithe inbhuanaithe a aisíoc.

(113) Téann na scéimeanna chun tairbhe go hindíreach freisin, áfach, do tháirgeoirí bithgháis agus bithphrópáin inbhuanaithe neamh-bhiabhunaithe trí éileamh méadaithe ar a dtáirgí (féach aithris (35)).

(114) Tá sé ina bhuntáiste roghnaitheach toisc nach mbaineann sé ach le bithghás agus bithphrópán neamh-bhiabhunaithe inbhuanaithe, a fheidhmíonn in ionad gáis nádúrtha agus GPL.

5.1.3. *Éifeacht ar thrádáil agus tionchar ar iomaíocht*

(115) Ós rud é go ndéantar bithghás agus bithphrópán le haghaidh iompair agus téimh a thrádáil i measc na mBallstát agus go bhfeidhmíonn siad in ionad breoslaí iontaise, is dócha go ndéanfaidh na díolúintí ó cháin difear don trádáil idir na Ballstáit agus féadfaidh siad an iomaíocht a shaobhadh.

(116) Go háirithe, tá an chuid thiar theas den tSualainn nasctha le gréasán gáis na hEorpa tríd an Danmhairg. Dá bhrí sin, déanann an tSualainn gás agus bithghás a thrádáil le tíortha comharsanachta, agus go háirithe leis an Danmhairg. Tá líonra gáis réigiúnach i Stócólm freisin, a bhreoslaítear le bithghás a instealltar go háitiúil agus le gás nádúrtha leachtaithe/bithghás leachtaithe a loingsítear. Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, maidir leis an gcuid eile, go bhfuil margadh bithgháis na Sualainne lasmuigh den eangach den chuid is mó agus roinnt eangacha áitiúla agus réigiúnacha nó gléasraí bithgháis neamhspleácha agus stáisiúin líonta ann (féach aithris (37)).

5.1.4. *Conclúid maidir le Státchabhair a bheith ann*

(117) Ar bhonn an mhéid thuas (féach aithrisí (111) go (116)) agus mar a dearbhaíodh i gcinntí roimhe seo ([46]), is é conclúid an Choimisiúin gur státchabhair iad na scéimeanna de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

([46]) Féach mar shampla aithris (21) sa chinneadh ón gCoimisiún i gcás SA.43302 (2015/N) (IO C 241, 1.7.2016, lch. 6).

5.2. **Dleathacht na cabhrach**

(118) Cé gur thug údaráis na Sualainne fógra faoi na scéimeanna sular cuireadh i bhfeidhm iad, chuir an Chúirt Ghinearálta ar neamhní Cinntí 2020 lena n-údaraítear na scéimeanna. Dá bhrí sin, ní mór a mheas go bhfuil na scéimeanna neamhdhleathach. ([47])

5.3. **Comhoiriúnacht na cabhrach**

5.3.1. *Bunús dlí don mheasúnú*

(119) Le hAirteagal 107(3)(c) CFAE foráiltear go bhféadfaidh an Coimisiún a dhearbhú go bhfuil '*cabhair áirithe comhoiriúnach chun forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe nó limistéar eacnamaíoch áirithe a éascú, nuair nach ndéanann an chabhair sin dochar do dhálaí trádála a mhéid atá contrártha don leas coiteann*'. Dá bhrí sin, ní mór do chabhair chomhoiriúnach faoin bhforáil sin den Chonradh rannchuidiú le forbairt gníomhaíochta eacnamaíche (nó limistéir) áirithe. ([48]) Ina theannta sin, níor cheart don chabhair an iomaíocht a shaobhadh ar bhealach atá contrártha leis an leas coiteann.

(120) Mar a luaitear in aithris (71), rinne an Coimisiún measúnú ar chomhoiriúnacht na scéimeanna leis an margadh inmheánach, ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 26 Eanáir 2022, ar bhonn na gcoinníollacha a leagtar síos i Ranna 3.2 agus 3.3 EEAG agus ón 27 Eanáir 2022, ar bhonn na gcoinníollacha a leagtar síos i Ranna 3 agus 4.1 CEEAG.

5.3.2. *Measúnú faoi EEAG*

5.3.2.1. Coinníoll dearfach: ní mór don chabhair forbairt gníomhaíochta eacnamaíche a éascú

5.3.2.1.1. Gníomhaíocht eacnamaíoch a fhorbairt

(121) Faoi Airteagal 107(3)(c) CFAE, chun gur féidir a mheas go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, ní mór don bheart rannchuidiú le forbairt gníomhaíochta eacnamaíche (nó limistéir eacnamaíoch) áirithe. ([49])

(122) Tugann an Coimisiún dá aire go dtacaíonn na scéimeanna, trí dhíolúintí ó cháin, le tomhaltas bithgháis agus bithphrópáin inbhuanaithe a úsáidtear mar bhreoslaí mótair nó téimh agus, ar an gcaoi sin, go dtacaíonn siad go hindíreach freisin le táirgeadh bithgháis agus bithphrópáin inbhuanaithe (féach aithris (35)). Dá bhrí sin, is é táirgeadh inbhuanaithe bithgháis agus bithphrópáin an ghníomhaíocht eacnamaíoch a dtacaíonn na scéimeanna léi.

(123) Is é is cuspóir do na scéimeanna rannchuidiú leis na spriocanna a luaitear in aithris (28) a bhaint amach.

(124) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin go n-éascaíonn na scéimeanna forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha, mar a cheanglaítear le hAirteagal 107(3)(c) CFAE.

5.3.2.1.2. Éifeacht dreasachta

(125) Tá éifeacht dreasachta ag beart cabhrach má dhreasaíonn sé an tairbhí chun a iompraíocht a athrú i dtreo forbairt gníomhaíochta eacnamaíche áirithe a shaothraítear leis an mbeart cabhrach agus mura dtarlódh an t-athrú iompraíochta gan an chabhair. ([50]) Is amhlaidh atá, go háirithe, i gcás ina sáraíonn costais an fhuinnimh in-athnuaite praghas margaidh an chineál fuinnimh lena mbaineann agus inar féidir leis an gcabhair cuidiú leis na costais bhreise chomhshaoil sin a laghdú.

([47]) Féach Airteagal 108(3) CFAE agus Breithiúnas an 12 Feabhra 2008, *CELF*, C-199/06, EU:C:2008:79, míreanna 61 go 64.
([48]) Breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2020, *An Ostair v an Coimisiún*, C-594/18 P, EU:C:2020:742, míreanna 20 agus 24.
([49]) Breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2020, *An Ostair v an Coimisiún*, C-594/18 P, EU:C:2020:742, míreanna 20 agus 24.
([50]) Féach, ina leith sin, pointí 49 agus 120 EEAG, chomh maith le breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2020, *Poblacht na hOstaire v an Coimisiún*, C-594/18 P, EU:C:2020:742.

(126) Mar a léirítear i dTáblaí 1, 2 agus 3, i gcás cáiníocóirí, tá costas aonaid an bhithgháis chun críoch mótair nó teasa níos airde ná an praghas margaidh in aghaidh an aonaid gáis nádúrtha. Míníonn an tSualainn gurb amhlaidh atá i gcás bithphrópáin freisin. Mar a luaitear in aithrisí (51) agus (57), gheall an tSualainn bithphrópán a áireamh sna tuarascálacha faireacháin bliantúla agus a chostas a chur i gcomparáid le praghas an phrópáin iontaise agus leibhéal na cabhrach a choigeartú, más gá, chun róchúiteamh a sheachaint. Thairis sin, déanfaidh an tSualainn a tuarascálacha faireacháin bliantúla a oiriúnú chun díolúintí CTA don chodán bithgháis a úsáidtear i ngléasraí téimh agus CTÉ a chur san áireamh i gcomhréir leis na ceanglais faireacháin agus tuairiscithe nuair a ghlacfar iad de bhun Threoir 2003/87/CE.

(127) Ós rud é go spreagfaidh na díolúintí ó cháin úsáid bithgháis agus bithphrópáin inbhuanaithe, spreagfaidh siad táirgeadh na gcineálacha sin breoslaí in-athnuaite freisin. Measann an Coimisiún dá bhrí sin go mbeidh éifeacht dreasachta ag cabhair de réir phointe (49) EEAG.

5.3.2.1.3. Easpa sáraithe ar aon fhoráil ábhartha de dhlí an Aontais

(128) Ní féidir a dhearbhú go bhfuil Státchabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach má bhaineann sárú neamh-inscartha ar dhlí an Aontais leis an ngníomhaíocht lena dtacaítear, leis an mbeart cabhrach, nó leis na coinníollacha a ghabhann léi. ([51])

(129) Mar a luaitear in aithris (25), áiritheoidh an tSualainn nach ndeonófar aon chabhair faoi na scéimeanna ach amháin do bhithghás agus do bhithphrópán a chomhlíonann critéir inbhuanaitheachta agus astaíochtaí gás ceaptha teasa is infheidhme an Aontais, mar a leagtar amach in RED I agus RED II.

(130) I gcomhréir le pointe (113) EEAG, dheimhnigh an tSualainn freisin nach ndeonófar aon chabhair faoi na scéimeanna do bhithbhreoslaí ó bhia (féach aithris (20)).

(131) Ós rud é go mbaineann na scéimeanna le díolúintí ó dhleacht mháil le haghaidh táirgí fuinnimh, rinne an Coimisiún measúnú freisin ar a chomhlíontacht leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh.

(132) Le hAirteagal 16(1) den Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, ceadaítear do na Ballstáit díolúine nó ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le bithbhreoslaí. Le hAirteagal 16(2), déantar an díolúine nó an laghdú ar chánachas a theorannú don chuid den táirge a dhíorthaítear go hiarbhír ó bhithmhais, rud is amhlaidh faoi na scéimeanna (féach aithris (27)), toisc nach mbaineann an díolúine ó cháin ach leis an gcuid sin den bhithghás agus den bhithphrópán.

(133) Thairis sin, comhlíonann na scéimeanna Airteagal 16(3) den Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh ina luaitear go ndéanfar an díolúine nó an laghdú ar chánachas arna chur i bhfeidhm ag na Ballstáit a choigeartú chun athruithe ar phraghsanna amhábhar a chur san áireamh chun róchúiteamh as na costais bhreise a bhaineann le monarú na dtáirgí a sheachaint. Tugann an Coimisiún dá aire go ndéanann an tSualainn faireachán bliantúil ar phraghsanna na dtáirgí ábhartha agus, más gá, go ndéanann sí na leibhéil cabhrach a choigeartú chun an riosca róchúitimh a sheachaint amach anseo (féach aithris (43)).

(134) Mar a luaitear in aithris (36), tá an díolúine ó dhleacht mháil infheidhme gan beann ar thionscnamh an bhithgháis nó an bhithphrópáin agus, dá bhrí sin, tá sí i gcomhréir leis na rialacha maidir le saorghluaiseacht. Ní mór an córas fioscach is infheidhme maidir le dleachtanna máil ar fhuinneamh arna allmhairiú ag Ballstáit eile a dhéanamh i gcomhréir le Treoir 2008/118/CE maidir leis na socruithe ginearálta i dtaca le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE. ([52])

(135) A mhéid a bhaineann leis an mbarúil ó thríú páirtithe maidir le modheolaíocht chuntasaíochta spriocanna foinsí fuinnimh in-athnuaite (féach aithris (90)), measann an Coimisiún nach ndéanann ceisteanna modheolaíochta den sórt sin difear do chuspóir an bhirt cabhrach, is é sin bithghás nó bithphrópán a chur chun cinn ann féin, ná nach mbaineann siad le módúlachtaí birt cabhrach atá nasctha chomh doscaoilte sin le cuspóir na cabhrach nach féidir meastóireacht a dhéanamh orthu ar leithligh. Dá bhrí sin, ní dhéanann an Coimisiún measúnú ar an bpointe sin i gcomhthéacs an chinnidh seo maidir le Státchabhair.

([51]) Breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2020, *An Ostair v an Coimisiún*, C-594/18 P, EU:C:2020:742, mír 44.

([52]) Agus ón 13 Feabhra 2023 le Treoir 2020/262/AE a chuirtear in ionad Threoir 2008/118/CE (Treoir (AE) 2020/262 an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (athmhúnlú) (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4)).

(136) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin nach sáraíonn na scéimeanna forálacha ábhartha dhlí an Aontais.

5.3.2.2. Coinníoll diúltach: ní cheart don bheart cabhrach dochar a dhéanamh do dhálaí trádála a mhéid a bheadh contrártha leis an leas comhchoiteann

5.3.2.2.1. An margadh a ndéanann an chabhair difear dó

(137) Is é an margadh a ndéanann an chabhair difear dó margadh an bhithgháis agus an bhithphrópáin inbhuanaithe sa tSualainn agus san Aontas.

5.3.2.2.2. Éifeachtaí dearfacha an bhirt cabhrach

(138) Mar a léirítear i roinn 5.3.2.1.1, rannchuidíonn an beart le forbairt gníomhaíochta eacnamaíche áirithe, i.e. táirgeadh bithgháis agus bithphrópáin inbhuanaithe. Tá cur chun cinn fhorbairt an fhuinnimh in-athnuaite ar cheann d'aidhmeanna bheartas an Aontais maidir le fuinneamh.

5.3.2.2.3. Éifeachtaí diúltacha an bhirt cabhrach ar an margadh inmheánach: laghdaíonn an beart cabhrach an saobhadh ar an iomaíocht agus ar an trádáil

5.3.2.2.3.1. An gá atá le hidirghabháil stáit

(139) De réir fhoroinn 3.2.2 EEAG, is gá don Bhallstát a léiriú go bhfuil gá leis an idirghabháil Stáit agus, go háirithe, go bhfuil gá leis an gcabhair chun cliseadh margaidh a leigheas nach dtabharfaí aghaidh uirthi murach sin. I gcás táirgeadh fuinnimh in-athnuaite, glacann an Coimisiún leis go bhfuil cliseadh margaidh iarmharach fós ann, ar féidir aghaidh a thabhairt air trí chabhair le haghaidh fuinneamh in-athnuaite, ar na cúiseanna a leagtar amach i bpointe (115) EEAG.

(140) Gan idirghabháil Stáit, bheadh na rátaí cánach céanna ag bithghás agus bithphrópán agus a bheadh ag a macasamhlacha iontaise, gás nádúrtha agus GPL faoi seach. Mar a léirítear i dtáblaí 1 go 3, gan idirghabháil ón Stát, bheadh bithghás agus bithphrópán a úsáidtear mar bhreoslaí mótair nó téimh níos costasaí ná a gcoibhéis iontaise. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, nach ndíolfaí iad a mhéid is gá chun rannchuidiú leis na spriocanna comhshaoil arb é cuspóir na scéimeanna é. Ar an mbonn sin, is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil gá leis an gcabhair.

(141) Ina theannta sin, mar a luaitear in aithris (26), dheimhnigh an tSualainn nach mbeadh an bithghás agus an bithphrópán a dtacaítear leo faoi na scéimeanna faoi réir córas cuótaí, oibleagáidí cumaisc nó córais eile a bhfuil éifeacht chomhchosúil acu. Dá bhrí sin, comhlíontar pointe (114) EEAG.

5.3.2.2.3.2. Oiriúnacht

(142) De réir phointe (40) EEAG, ní mór an bheart atá beartaithe a bheith ina ionstraim iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an gcuspóir beartais lena mbaineann. De réir phointe (116) EEAG, toimhdíonn an Coimisiún oiriúnacht agus éifeachtaí teoranta saofa na cabhrach arna deonú ag na Ballstáit chun a spriocanna athraithe aeráide agus inbhuanaitheachta a bhaint amach, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha comhoiriúnachta uile eile.

(143) Tugann an Coimisiún dá aire go spreagann díolúintí ó cháin tomhaltas bithgháis agus bithphrópáin inbhuanaithe agus ar an gcaoi sin go gcothaítear a dtáirgeadh. Is é is cuspóir do na scéimeanna rannchuidiú leis na spriocanna náisiúnta agus spriocanna an Aontais a luaitear in aithris (28) a bhaint amach.

(144) Measann an Coimisiún gur ionstraim iomchuí i bprionsabal í cabhair i bhfoirm laghdú cánach chun tomhaltas fuinnimh in-athnuaite a dhreasú, ar choinníoll go gcomhlíontar gach coinníoll comhoiriúnachta eile.

5.3.2.2.3.3. Comhréireacht (lena n-áirítear carnadh)

5.3.2.2.3.3.1. Comhréireacht

(145) De réir phointe (131) EEAG, ní mór na coinníollacha carnacha seo a leanas a chomhlíonadh i gcás cabhair oibriúcháin a dheonaítear d'fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite seachas leictreachas:

(a) Ní mó an chabhair in aghaidh an aonaid fuinnimh ná an difríocht idir na meánchostais iomlána táirgthe fuinnimh a bhaineann le fuinneamh a tháirgeadh ón teicneolaíocht áirithe atá i gceist agus praghas margaidh an chineál fuinnimh lena mbaineann (gan aon róchúiteamh).

(b) Féadfaidh gnáththoradh ar chaipiteal a bheith san áireamh sna meánchostais iomlána táirgthe fuinnimh. Asbhaintear cabhair infheistíochta ón méid iomlán infheistíochta agus na meánchostais iomlána táirgthe fuinnimh á ríomh.

(c) Déantar na costais táirgeachta a nuashonrú go rialta, gach bliain ar a laghad.

(d) Ní dheonaítear cabhair ach go dtí go mbeidh an gléasra dímheasta go hiomlán de réir na ngnáthrialacha cuntasaíochta chun a sheachaint gur mó an chabhair oibriúcháin ar bhonn mheánchostais iomlána táirgthe fuinnimh ná dímheas na hinfheistíochta.

(146) Ar an gcoinníoll i bpointe 131(c) EEAG, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil na scéimeanna faoi réir faireachán rialta ag údaráis na Sualainne. Dheimhnigh an tSualainn go leanfaidh sí d'fhaireachán a dhéanamh ar mhargadh na mbreoslaí mótair agus téimh agus go ndéanfar tuarascálacha faireacháin a thiomsú agus a sheoladh chuig an gCoimisiún go rialta. Áireofar sna tuarascálacha sin ríomhanna costais nuashonraithe le haghaidh bithgháis (agus ríomhanna le haghaidh bithphrópáin má fhorbraíonn margadh den sórt sin). Tá gealltanas tugtha ag an tSualainn freisin, i gcás inar tháinig na costais chun cinn chun róchúiteamh a chur i mbaol, go ndéanfaí na leibhéil cabhrach a oiriúnú dá réir. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, go gcomhlíontar an coinníoll i bpointe 131(c) EEAG.

(147) Mar a luaitear in aithris (41), dheimhnigh an tSualainn nach ndeonófaí aon chabhair tar éis do na gléasraí a bheith dímheasta go hiomlán de réir na ngnáthrialacha cuntasaíochta. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, go gcomhlíontar an coinníoll i bpointe 131(d) EEAG.

(148) Maidir leis an gcoinníoll i bpointe 131(a) EEAG, mhínigh an tSualainn go léirítear ina tuarascálacha faireacháin le haghaidh 2018 agus 2019 nár tugadh aon róchúiteamh le haghaidh bithgháis, agus léirítear sna réamhaisnéisí nár cheart go dtarlódh sé amach anseo. Léirítear ó thorthaí na dtuarascálacha faireacháin arna dtiomsú ag Gníomhaireacht Fuinnimh na Sualainne dá bhforáiltear i dTáblaí 1, 2 agus 3 go bhfuil difríocht praghais fós ann idir gás nádúrtha agus bithgháis chun aimhleas an bhithgháis, gan beann ar an díolúine ó cháin a deonaíodh.

(149) A mhéid a bhaineann le pointe 131(b) EEAG, d'áitigh údaráis na Sualainne go raibh an ráta toraidh ar bhithghás in 2019 thart ar 10 %, ráta a measadh a bheith ina ráta toraidh réasúnta don tionscal. Gheall an tSualainn faireachán bliantúil a dhéanamh ar an toradh ar infheistíocht agus an leibhéal cabhrach a choigeartú más gá.

(150) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin go gcomhlíontar ceanglas phointe (131) EEAG.

5.3.2.2.3.3.2. Carnadh

(151) De réir Roinn 3.2.5.2. EEAG, féadfar cabhair a dhámhachtain i gcomhthráth faoi roinnt scéimeanna cabhrach nó féadfar í a charnadh le cabhair *ad hoc*, ar choinníoll nach sáraíonn méid iomlán na Státchabhrach le haghaidh gníomhaíochta nó tionscadail na teorainneacha a shocraítear leis na huasteorainneacha cabhrach a leagtar síos in EEAG.

(152) Tugann an Coimisiún dá aire nach n-eisiatar go bhféadfaidh táirgeoir cabhair táirgeachta a fháil agus go bhféadfar a tháirgeadh a dhíolmhú ansin ó chánacha fuinnimh agus CO_2 sa tSualainn, a mhéid a chomhlíonann sé na coinníollacha incháilitheachta a shonraítear i roinn 2.2.

(153) Tugann an Coimisiún dá aire go ndeonaítear tacaíocht den sórt sin ag céimeanna éagsúla den slabhra soláthair agus go bhfuil tairbhithe díreacha éagsúla aici. Déanann cabhair táirgeachta idirghabháil ag an gcéad chéim (táirgeadh) agus déanann scéimeanna díolúintí ó cháin na Sualainne idirghabháil ag an gcéim dheireanach (tomhaltas). Is é is aidhm don tacaíocht táirgeachta infheistíocht i dtáirgeadh bithgháis a spreagadh trí ioncam níos airde nó níos cobhsaí a chur ar fáil do tháirgeoirí ná mar a chuirfeadh an margadh ar fáil de ghnáth. Is é is aidhm do scéim tomhaltais praghas an bhithgháis a laghdú do thomhaltóirí deiridh ionas go roghnóidh siad bithghás a cheannach thar ghás nádúrtha.

(154) Mar a mheas an Chúirt Ghinearálta ([53]), níl aon tionchar ag na díolúintí ó cháin sa tSualainn ar an gcostas táirgeachta. D'fhéadfadh méadú ar an éileamh a bheith mar thoradh orthu agus d'fhéadfadh ioncam méadaithe don táirgeoir a bheith mar thoradh air sin. An tráth céanna, mar a bhreithnigh an Chúirt Ghinearálta freisin ([54]), chuirfeadh bithghás a fuair fóirdheontas táirgeachta ar chumas an táirgeora bithghás a dhíol ar phraghas atá in ann dul in iomaíocht le gás nádúrtha.

5.3.2.2.3.3.2.1. Carnadh le cabhair táirgeachta ar an leibhéal náisiúnta

(155) Mar a fheictear i roinn 2.5, mhínigh údaráis na Sualainne gur féidir carnadh a dhéanamh idir na díolúintí ó cháin agus na bearta lena ndeonaítear cabhair infheistíochta nó oibriúcháin do tháirgeoirí bithgháis/bithphrópáin. Mhínigh siad freisin go n-áireofar méideanna cabhrach a d'fhéadfadh a bheith deonaithe do tháirgeoirí bithgháis/bithphrópáin sa tSualainn sna costais a thuairiscítear agus ar an gcaoi sin go gcuirfear san áireamh iad le haghaidh an fhaireacháin ar chúiteamh ag Gníomhaireacht Fuinnimh na Sualainne.

(156) A mhéid a bhaineann leis na barúlacha ó Landwärme maidir leis an gcarnadh le scéimeanna cabhrach táirgeachta na Sualainne (féach aithris (93)) agus i bhfianaise na bhfreagraí a sholáthair an tSualainn (féach aithris (107)), ní shainaithníonn an Coimisiún aon saincheist ábhartha a bhaineann le carnadh na scéimeanna cánach agus scéimeanna cabhrach táirgeachta eile de chuid na Sualainne. Tugann an Coimisiún dá aire, ar thaobh amháin, go gcuirtear an chabhair táirgeachta fhéideartha san áireamh sa tástáil róchúitimh a dhéantar i gcomhthéacs na scéimeanna cánach (féach aithrisí (65) agus (66)), agus ar an taobh eile, go n-áirithíonn an tSualainn go gcomhlíontar ceanglais charntha an Rialacháin ghinearálta maidir le blocdhíolúine agus cabhair táirgeachta á deonú aici faoin Rialachán ginearálta maidir le blocdhíolúine (féach aithris (107)).

(157) Ar an mbonn sin, is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil na scéimeanna i gcomhréir le Roinn 3.2.5.2. EEAG, i gcás carnadh leis an gcabhair táirgeachta sin ar an leibhéal náisiúnta. ([55])

5.3.2.2.3.3.2.2. Carnadh le cabhair táirgeachta i mBallstáit áirithe

(158) Mar a mhínítear sa Chinneadh Tosaigh, fuair an Coimisiún faisnéis ó Landwärme lena léirítear gur tháinig méadú leanúnach ar mhéid an bhithgháis ón Danmhairg sa tSualainn idir 2015 agus 2019.

(159) Tar éis an Chinnidh Tosaigh, cuirtear in iúl sna barúlacha a fuarthas ó thríú páirtithe agus ón tSualainn gur tháinig méadú ar allmhairí bithgháis ón Danmhairg sa tSualainn sna blianta roimh an bhfógra faoi fhadú na scéimeanna agus tar éis ghlacadh Chinntí 2020.

(160) Sholáthair Landwärme sonraí breise maidir leis an bhfíoras sin (féach aithris (79)). Chuir Landwärme in iúl gur tugadh róchúiteamh do tháirgeoirí bithmheatáin a charnaigh dhá fhóirdheontas agus gur úsáid siad an róchúiteamh sin chun táirgeoirí bithmheatáin na Sualainne ó Bhallstáit agus táirgeoirí eile ó Bhallstáit eile a chur as margadh na Sualainne (féach aithris (80)).

(161) Measann Comhlachas Gáis na Sualainne chomh maith leis an tSualainn, cé go bhféadfadh tionchar a bheith ag na fóirdheontais sa Danmhairg ar na hallmhairí chuig margadh na Sualainne, go bhfuil tosca eile ann a bhféadfadh tionchar a bheith acu (féach aithrisí (78) agus (96)).

(162) Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh tionchar a bheith ag an gcabhair a deonaíodh sa Danmhairg ar an méadú ar allmhairí bithgháis ón Danmhairg sa tSualainn. Mar sin féin, measann an Coimisiún freisin nach féidir a thuiscint ón bhfianaise a cuireadh ar fáil go bhfuil nasc cúisíoch ann leis an róchúiteamh. D'fhéadfadh sé nach raibh san fhorbairt sin ach an toradh ar níos mó saoráidí táirgeachta bithgháis sa Danmhairg, arb é is aidhm don chabhair táirgeachta sa Danmhairg, agus dá bhrí sin soláthar méadaithe.

([53]) EU:T:2022:853, mír 25.
([54]) EU:T:2022:853, mír 25.
([55]) EU:T:2022:853, míreanna 89-91 agus 108.

(163) Tuigeann an Coimisiún freisin go bhfuil réasúnaíocht Landwärme bunaithe ar ráthaíochtaí tionscnaimh (lena gceadaítear an tionscnamh a rianú siar). Mar riail ghinearálta, is ar dheimhnithe a bhunaítear trádáil trasteorann bithmheatáin. Nuair a dhéantar bithghás a instealladh isteach san eangach gháis, ní féidir idirdhealú a dhéanamh idir é agus gás nádúrtha. Níl d'fheidhm ag ráthaíochtaí tionscnaimh a eisítear chun críocha RED II ach a thaispeáint don chustaiméir deiridh gur táirgeadh sciar nó cainníocht ar leith fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite. Tá ráthaíochtaí tionscnaimh intrádála. Tá margadhluach ag ráthaíochtaí tionscnaimh ar cheart é a chur san áireamh le haghaidh na scéimeanna tacaíochta ábhartha. ([56])

(164) Dá bhrí sin, ní hé an cheist ábhartha an ndéantar na ráthaíochtaí tionscnaimh a thrádáil ach an bhfuil siad (chomh maith le foinsí eile ioncaim) san áireamh sa tástáil/sna tástálacha róchúitimh.

(165) Tugann an Coimisiún dá aire go ndéanann an tSualainn agus an Danmhairg araon tástálacha róchúitimh. Cuirfidh an Coimisiún tús lena mheasúnú le tástáil róchúitimh na Danmhairge.

(166) Mar a dheimhnigh údaráis na Danmhairge (féach aithris (82)), maidir le scéim cabhrach SA.35485 ([57]), déanann an Danmhairg measúnú róchúitimh bliantúil. Tá an ríomh bunaithe ar ráitis airgeadais bhliantúla na dtairbhithe agus cuirtear san áireamh ann na costais agus an t-ioncam go léir, lena n-áirítear, i measc nithe eile, ioncam a bhaineann le díolacháin gáis agus ráthaíochta tionscnaimh, chomh maith le cabhair na Danmhairge. Déanann an Danmhairg an measúnú ar thréimhse rollach 3 bliana. Má léiríonn an tréimhse 3 bliana roimhe sin gur tugadh róchúiteamh do thairbhithe scéim tacaíochta na Danmhairge le haghaidh bithmheatáin, déanann na húdaráis náisiúnta leibhéal na cabhrach a athbhreithniú agus a oiriúnú. Is é sin a tharla tar éis mheasúnú 2023 mar a mhínigh an Danmhairg. Dúirt údaráis na Danmhairge freisin go gcuirtear éifeachtaí scéimeanna na Sualainne san áireamh leis an modh sin, toisc go mbeidh ioncam méadaithe a thuairiscítear sna ráitis airgeadais bhliantúla ann mar thoradh ar éileamh méadaithe ar bhithghás.

(167) Measann an Coimisiún go bhfuil an tástáil a rinne an Danmhairg deartha go maith chun a áirithiú nach mbeidh róchúiteamh i scéim na Danmhairge (agus chun bearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh i gcás róchúitimh). In 2020-2022, rinne an Coimisiún féin cleachtadh faireacháin ar scéim cabhrach SA.35485 agus rinne sé mionscrúdú ar an tástáil róchúitimh a rinne an Danmhairg. Dá bhrí sin, is féidir leis an gCoimisiún argóintí na Danmhairge a dhearbhú.

(168) Tugann an Coimisiún dá aire go gcuirtear san áireamh i dtástáil róchúitimh na Danmhairge an t-ioncam go léir, lena n-áirítear an t-ioncam féideartha ó ráthaíochtaí tionscnaimh a dhíol chomh maith le haon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cabhair a dheonaítear i mBallstáit eile ar ioncam tháirgeoirí na Danmhairge. Chuir an Coimisiún in iúl cheana féin sa Chinneadh Tosaigh go gcuirtear an t-ioncam uile san áireamh i ríomh na Danmhairge, go háirithe ioncam a bhaineann le díolacháin gáis agus ráthaíochtaí tionscnaimh (féach aithris (95) den Chinneadh Tosaigh), contrártha do ráiteas Landwärme. Mar fhreagairt ar an gCinneadh Tosaigh, níor sholáthair Landwärme ná aon pháirtí leasmhar eile fianaise go mbeadh sé sin mícheart ó thaobh na bhfíoras de.

(169) A mhéid a bhaineann le scéimeanna cánach na Sualainne atá i gceist, mhínigh Comhlachas Gáis na Sualainne agus an tSualainn go léiríonn na tuarascálacha faireacháin na costais a bhaineann le bithghás a tháirgeadh sa tSualainn, lena n-áirítear aon chabhair a dheonaítear do tháirgeoirí. Maidir le bithghás allmhairithe, tá na ríomhanna bunaithe ar na praghsanna allmhairiúcháin, ar praghsanna iad a fhreagraíonn do na méideanna cabhrach a deonaíodh do tháirgeoir i mBallstát eile chomh maith le praghas ráthaíochtaí tionscnaimh. Mhínigh an tSualainn nach féidir léi na costais táirgeachta a bhaineann le bithghás allmhairithe a mheas: ní fhéadfadh aon eolas a bheith ag an tSualainn ná ag allmhaireoirí ar chostais táirgeachta ná ar chabhair a dheonú do tháirgeoirí i dtíortha eile (féach aithrisí (83) agus (98)).

(170) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil tástáil na Sualainne bunaithe ar an bpraghas atá roimh an soláthróir breosla, toisc gurb é sin an áit a ngearrtar an cháin. Tá tástáil na Sualainne deartha ar bhealach a fhágann go mbeidh meánphraghas an bhithgháis fós níos airde ná meánphraghas an gháis nádúrtha ar mhargadh na Sualainne, fiú leis an díolúine ó cháin. Nuair a allmhairítear an bithghás, comhfhreagraíonn a phraghas ar mhargadh na Sualainne don phraghas allmhairiúcháin (e.g. an praghas a íoctar le táirgeoir na Danmhairge (agus a áirítear i dtástáil na Danmhairge) agus na costais arna dtabhú ag an allmhaireoir (e.g. costais iompair)).

([56]) Féach Airteagal 19 de RED II: '*Áiritheoidh na Ballstáit, tráth a bhfaigheann táirgeoir tacaíocht airgeadais ó scéim tacaíochta, go ndéanfar margadhluach na ráthaíochta tionscnaimh don táirgeacht chéanna a chur san áireamh mar is cuí sa scéim tacaíochta ábhartha*'.

([57]) Cinneadh ón gCoimisiún an 14 Samhain 2013 i gcás SA.35485 (2012/N) – An Danmhairg, Cabhair le haghaidh gach cineál úsáide bithgháis – A (IO C 292, 4.9.2015, lch. 3).

(171) Measann Landwärme go gceadaítear róchúiteamh leis an modh ríofa a úsáideann an Coimisiún ina mheasúnú comhoiriúnachta le haghaidh scéimeanna cabhrach bithmheatáin, lena n-áirítear scéimeanna na Sualainne, trí gan ioncam a ghintear trí ráthaíochtaí tionscnaimh a dhíol agus cabhair a dheonaítear i mBallstáit eile a chur san áireamh (féach aithris (85)).

(172) Chuir an Chónaidhm Eorpach um Fhuinneamh In-athnuaite, Eurogas agus GreenGasAdvisors ábhair imní ghinearálta in iúl freisin maidir leis an riosca róchúitimh mar gheall ar charnadh féideartha ilscéimeanna cabhrach i gcás trádáil trasteorann (féach aithrisí (88) agus (89)).

(173) Measann an Coimisiún go dtugtar aghaidh go hiomchuí sa chás seo ar an mbaol róchúitimh trí thástálacha róchúitimh na Sualainne agus na Danmhairge a chomhcheangal. Comhlánaíonn sásraí na Danmhairge agus na Sualainne a chéile agus fágann siad gur féidir a áirithiú nach ndéantar aon róchúiteamh a chomhcheangal agus measúnú á dhéanamh ar chomhoiriúnacht bheart na Sualainne.

(174) Go háirithe, tugann tástáil na Danmhairge aghaidh cheana féin ar róchúiteamh táirgeoirí bithmheatáin na Danmhairge go hiomchuí, trí ioncam ráthaíochtaí tionscnaimh agus aon ioncam a eascraíonn as trádáil trasteorann a áireamh. Ar thaobh na Sualainne, cuirtear san áireamh go sásúil sa tástáil trádáil trasteorann agus cabhair táirgeachta fhéideartha a fhaightear i mBallstáit eile toisc nach ar tháirgeadh intíre amháin atá an tástáil bunaithe ach go n-áirítear bithghás allmhairithe léi freisin. Thairis sin, déantar an chabhair a dheonaítear i dtíortha eile a mheas, ós rud é go ndéanfaidh sí difear do phraghas an bhithgháis a allmhairítear chuig an tSualainn (a chuirtear san áireamh i dtástáil na Sualainne).

(175) A mhéid a bhaineann leis an ríomh arna sholáthar ag Landwärme d'fhonn róchúiteamh táirgeoirí Danmhargacha a thaispeáint (féach aithris (86)), tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an ríomh bunaithe ar thoimhdí agus go bhfuil sé bunaithe ar mhíthuiscint maidir leis an tástáil róchúitimh a dhéanann an Danmhairg. Ghlac Landwärme gurb é cabhair táirgeachta na Danmhairge an difríocht idir costas táirgeachta an bhithgháis agus praghas an gháis nádúrtha agus ansin chuir sé lacáiste cánach na Sualainne leis (ag glacadh leis gur cuireadh an lacáiste iomlán ar aghaidh chuig táirgeoirí na Danmhairge) chomh maith le praghas ráthaíochta tionscnaimh. Os a choinne sin, tá an tástáil a rinne an Danmhairg bunaithe ar shonraí airgeadais iarbhír ó tháirgeoirí de chuid na Danmhairge lena mbaineann *na hioncaim agus na costais uile*, mar a thuairiscítear cheana in aithris (95) den Chinneadh Tosaigh. Tugann sé sin le tuiscint go n-áirítear sa tástáil róchúitimh ioncaim bhreise a d'fhéadfadh a bheith ann do tháirgeoirí de chuid na Danmhairge mar gheall ar bhuntáiste cánach na Sualainne ([58]) chomh maith le ráthaíochtaí tionscnaimh a dhíol agus dá bhrí sin go n-asbhaintear iad ó chabhair táirgeachta na Danmhairge. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid go bhfuair sé fianaise ar róchúiteamh a eascraíonn as scéimeanna na Sualainne do tháirgeoirí i gcásanna ina ndeonaíonn Ballstát eile cabhair táirgeachta (féach aithris (231) den Chinneadh Tosaigh). Go sonrach, ní dhéanann an ríomh a chuir Landwärme i láthair neamhbhailí na torthaí thuas go dtugtar aghaidh go leordhóthanach ar róchúiteamh sa Danmhairg.

(176) Ina mbarúlacha, mhol roinnt tríú páirtithe, lena n-áirítear Landwärme, go n-eisiafadh an tSualainn bithmheatán allmhairithe a fóirdheonaíodh ina tír thionscnaimh ó na scéimeanna (féach aithris (87)). Mar fhreagra ar an moladh sin, luaigh an tSualainn nach gcuireann rialacha maidir le Státchabhair cosc ar charnadh cabhrach agus nach mbreithnítear leis an moladh sin an bhfuil róchúiteamh mar thoradh iarbhír ar charnadh cabhrach (féach aithris (101)). Thairis sin, thug an tSualainn dá haire nach bhfuil tosaíocht chomhchuibhithe ag an Aontas maidir le conas tacú leis an mbithghás: trína chinneadh go bhfágann cabhair táirgeachta i mBallstát amháin go bhfuil sé dodhéanta díolúine ó cháin a fháil i mBallstát eile, bheadh an Coimisiún ag roghnú modh tacaíochta tosaíochta do na Ballstáit uile, i.e., cabhair táirgeachta (féach aithris (105)). I gcomhréir le pointe 56 CEEAG, tugann an Coimisiún dá aire gur féidir cabhair a charnadh i ndáil leis na costais incháilithe chéanna ar choinníoll nach mbeidh róchúiteamh mar thoradh ar mhéid iomlán na cabhrach le haghaidh tionscadail nó gníomhaíochta. Tagraíonn an Coimisiún freisin do phointe 93 CEEAG, ina luaitear gur féidir ionstraimí éagsúla, lena n-áirítear deontais dhíreacha, a úsáid i bhfianaise scála agus phráinn dhúshlán an dícharbónaithe. Sa chás atá ann faoi láthair, tuigeann an Coimisiún go bhfuil an moladh sin ó Landwärme beartaithe mar bhealach chun aghaidh a thabhairt ar róchúiteamh. Dá bhrí sin, ní bheadh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh air sin ach amháin mar phointe ábhartha i gcás ina bhfuair sé fianaise ar róchúiteamh. Is amhlaidh atá maidir le cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí leibhéil éagsúla chánachais a chur i bhfeidhm (féach aithrisí (91) agus (92) agus (103) go (106)).

([58]) Mar a luaitear i bhfonóta 49, tá Landwärme ag glacadh leis go bhfaigheadh táirgeoirí na Danmhairge luach iomlán an bhuntáiste cánach a deonaíodh do thomhaltóirí deiridh sa tSualainn.

5.3.2.2.3.3.2.3. Conclúid maidir le carnadh

(177) Ar bhonn an mhéid thuas, is é conclúid an Choimisiúin go gcomhlíonann na scéimeanna Roinn 3.2.5.2. EEAG.

5.3.2.2.3.3.3. Conclúid maidir le comhréireacht (lena n-áirítear carnadh)

(178) I bhfianaise na gconclúidí in aithrisí (157) agus (177), is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil na scéimeanna comhréireach.

5.3.2.2.4. Éifeachtaí dearfacha na cabhrach a mheas in éineacht leis an tionchar diúltach ar an margadh inmheánach

(179) Ní mór go mbeadh éifeachtaí diúltacha an bhirt ar iomaíocht agus ar thrádáil teoranta go leordhóthanach, ionas go bhfuil cothromaíocht fhoriomlán an bhirt dearfach. Shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais, chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéanann nó nach ndéanann beart dochar do dhálaí trádála a mhéid atá bunoscionn leis an leas coiteann, nach mór don Choimisiún éifeacht dhearfach na cabhrach atá beartaithe a mheas maidir le forbairt na ngníomhaíochtaí a bhfuil sé beartaithe go dtacóidh an chabhair leo agus na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag an gcabhair ar an margadh inmheánach. ([59])

(180) Ar thaobh dearfach na cothromaíochta, tugann an Coimisiún dá aire go dtacaíonn an beart le tomhaltas bithgháis agus bithphrópáin inbhuanaithe agus, ar an gcaoi sin, go n-éascaíonn sé forbairt táirgeachta bithgháis agus bithphrópáin inbhuanaithe. Thairis sin, ba cheart go spreagfadh an chabhair éifeachtaí indíreacha dearfacha i dtéarmaí gnóthachan comhshaoil.

(181) I ndáil leis an méid sin, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil cur chun cinn fhorbairt an fhuinnimh in-athnuaite ar cheann d'aidhmeanna bheartas an Aontais maidir le fuinneamh de bhun Airteagal 194 CFAE. Thairis sin, aithnítear i bpointe (30) EEAG go bhféadfar leibhéal méadaithe cosanta comhshaoil a bhaint amach trí aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin ina bhfuil sciar suntasach d'fhuinneamh inathraitheach ó fhoinsí in-athnuaite.

(182) Mar a mhínítear in aithris (30), tá an costas a bhaineann le bithghás a tháirgeadh ró-ard chun go mbeidh na breoslaí sin in ann dul in iomaíocht lena mbreoslaí iontaise coibhéiseacha gan chabhair.

(183) Ar an taobh diúltach den chothromaíocht, tugann an Coimisiún dá aire go dtugann na scéimeanna buntáiste indíreach do tháirgeoirí bithgháis agus bithphrópáin inbhuanaithe, seachas táirgeoirí breoslaí eile.

(184) Le pointe (116) EEAG leagtar síos toimhde go bhfuil éifeachtaí saofa teoranta ag cabhair d'fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite ar choinníoll go gcomhlíontar gach coinníoll comhoiriúnachta eile.

(185) Ar an mbonn sin, is é conclúid an Choimisiúin nach bhfuil éifeachtaí diúltacha míchuí ann ar an iomaíocht agus ar an trádáil idir na Ballstáit.

5.3.2.3. Trédhearcacht

(186) Ceanglaítear ar na Ballstáit faoi Roinn 3.2.7 EEAG faisnéis áirithe a bhaineann le tairbhithe na cabhrach a fhoilsiú. Leanfaidh an tSualainn de na forálacha sin a chomhlíonadh agus den fhaisnéis ábhartha a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin (féach aithris (68)).

5.3.2.4. Gnólachtaí atá i gcruachás nó atá faoi réir ordú aisghabhála gan íoc

(187) Mar a fheictear in aithris (69), leanfaidh údaráis na Sualainne d'áirithiú nach ndeonófar aon chabhair do ghnólachtaí atá i gcruachás nó dóibh siúd atá faoi réir ordú gnóthaithe gan íoc tar éis cinneadh roimhe sin ón gCoimisiún lena ndearbhaítear go bhfuil beart cabhrach neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach, i gcomhréir le pointí (16) agus (17) EEAG.

([59]) Breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2020, *An Ostair v An Coimisiún*, C-594/18 P, EU:C:2020:742, mír 101.

5.3.2.5. Conclúid maidir le comhoiriúnacht na scéimeanna

(188) Is é conclúid an Choimisiúin go n-éascaíonn an chabhair forbairt gníomhaíochta eacnamaíche agus nach ndéanann sí dochar do dhálaí trádála a mhéid atá bunoscionn leis an leas comhchoiteann. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go bhfuil an chabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 107(3)(c) CFAE agus ar fhorálacha ábhartha EEAG.

5.3.3. *Measúnú faoi CEEAG*

(189) Tar éis ghlacadh CEEAG, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhoiriúnacht na scéimeanna ar bhonn CEEAG don tréimhse ón 27 Eanáir 2022. Tagann na gníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoin gcatagóir cabhrach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus a bhaint, lena n-áirítear trí thacaíocht d'fhuinneamh in-athnuaite agus d'éifeachtúlacht fuinnimh (féach pointe 16(a) CEEAG).

(190) Rinne an Coimisiún measúnú ar na scéimeanna faoi na forálacha comhoiriúnachta ginearálta i Roinn 3 CEEAG, chomh maith leis na critéir chomhoiriúnachta shonracha le haghaidh cabhair chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus a bhaint lena n-áirítear trí thacaíocht d'fhuinneamh in-athnuaite agus d'éifeachtúlacht fuinnimh i Roinn 4.1 CEEAG.

5.3.3.1. Coinníoll dearfach: ní mór don chabhair forbairt gníomhaíochta eacnamaíche a éascú

5.3.3.1.1. Sainaithint na gníomhaíochta eacnamaíche atá á héascú ag an mbeart, a héifeachtaí dearfacha don tsochaí i gcoitinne agus, i gcás inarb infheidhme, a hábharthacht do bheartais shonracha an Aontais

(191) I gcomhréir le pointí 23 go 25 CEEAG, ní mór do na Ballstáit na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a éascófar de thoradh na cabhrach a shainaithint agus tuairisc a thabhairt an rannchuideoidh an chabhair chun beartais agus spriocanna an Aontais a bhaint amach agus conas a dhéanfaidh sí é sin.

(192) Tugann an Coimisiún dá aire go dtacaíonn na scéimeanna, trí dhíolúintí ó cháin, le tomhaltas bithgháis agus bithphrópáin a úsáidtear mar bhreoslaí mótair nó téimh agus, ar an gcaoi sin, le táirgeadh bithgháis agus bithphrópáin go hindíreach freisin, rud a chuireann le forbairt na gníomhaíochta eacnamaíche sin (féach aithris (35)). Mar a mhínítear in aithris (28), measann an tSualainn go rannchuidíonn na scéimeanna le spriocanna an Aontais agus leis na spriocanna náisiúnta a luaitear a bhaint amach trí úsáid breoslaí in-athnuaite inbhuanaithe a chur chun cinn.

(193) I gcomhréir le pointe 80 CEEAG, dheimhnigh an tSualainn go gcomhlíonfaidh na breoslaí dá dtugtar tacaíocht na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa in RED II agus ina ghníomhartha cur chun feidhme nó tarmligthe (féach aithris (25)).

(194) Measann an Coimisiún dá bhrí sin go gcomhlíonann na scéimeanna ceanglais Roinn 3.1 agus phointe 80 CEEAG.

5.3.3.1.2. Éifeacht dreasachta

(195) Ní féidir a mheas go n-éascaíonn Státchabhair gníomhaíocht eacnamaíoch ach amháin má tá éifeacht dreasachta aici. Bíonn éifeacht dreasachta ann má dhreasaítear an tairbhí leis an gcabhair chun a iompraíocht a athrú i dtreo forbairt gníomhaíochta eacnamaíche a shaothraítear leis an gcabhair agus mura dtarlódh an t-athrú iompraíochta sin murach an chabhair. ([60])

(196) Chun a léiriú gurb ann d'éifeacht dreasachta, ceanglaítear le pointe 28 CEEAG go sainaithneofar an cás fíorasach agus an cás frithfhíorasach dóchúil in éagmais na cabhrach. Thairis sin, ceanglaítear le pointe 28 CEEAG go léireofar an éifeacht dreasachta trí chainníochtú dá dtagraítear i Roinn 3.2.1.3 CEEAG. I Roinn 3.2.1.3 CEEAG tagraítear don ghlanchostas breise ('bearna chistiúcháin') is gá chun cuspóir an bhirt cabhrach a chomhlíonadh, i gcomparáid leis an gcás frithfhíorasach in éagmais na cabhrach. Mínítear i bpointe 54 CEEAG go bhféadfadh sé a bheith deacair, in imthosca áirithe, na tairbhí agus na costais don tairbhí a shainaithint go hiomlán agus, dá bhrí sin, an glanluach láithreach a chainníochtú sna cásanna fíorasacha agus frithfhíorasacha. Féadfar cineálacha malartacha cur chuige a chur i bhfeidhm maidir leis na gcásanna sin, mar a shonraítear i gCaibidil 4 maidir le cineálacha sonracha cabhrach. I ndáil leis sin, luaitear i bpointe 110 CEEAG, i gcás ina laghdaítear costais oibriúcháin athfhillteacha le cáin nó le tobhach paraifhioscach, nár cheart méid na cabhrach a bheith níos mó ná an difríocht idir costais an tionscadail nó na gníomhaíochta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus costais an cháis fhrithfhíorasaigh is mó díobháil.

([60]) Féach, ina leith sin Roinn 3.1.2 CEEAG agus Breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2020, *An Ostair v an Coimisiún*, C-594/18 P, EU:C:2020:742, míreanna 20 agus 24.

(197) Sna scéimeanna, tugann an Coimisiún dá aire gurb é tomhaltas bithgháis nó bithphrópáin inbhuanaithe an cás fíorasach agus gurb é an cás frithfhíorasach ídiú an bhreosla iontaise choibhéisigh.

(198) Sa chomhthéacs sin, measann an Coimisiún, i gcomhréir le pointe 110 CEEAG, gurb é atá sa chainníochtú ábhartha is infheidhme le haghaidh na scéimeanna an difríocht idir costais na gníomhaíochta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus costais an cháis fhrithfhíorasaigh is mó díobháil, i.e. costais an bhithgháis (nó an bhithphrópáin) agus costais an bhreosla iontaise choibhéisigh.

(199) Mar a léirítear i dTáblaí 1, 2 agus 3, tá costais an bhithgháis inbhuanaithe chun críoch mótair nó teasa níos airde ná costais an gháis nádúrtha. Rannchuidíonn an chabhair leis na costais bhreise sin a laghdú. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go spreagfaidh na díolúintí ó cháin úsáid bithgháis inbhuanaithe (agus bithphrópáin ([61])) agus, mar thoradh air sin, go ndreasóidh siad táirgeadh na gcineálacha sin breoslaí in-athnuaite go hindíreach freisin.

(200) Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún go gcomhlíontar na ceanglais i bpointí 26 go 28 CEEAG.

(201) Sonraítear i bpointe 29 CEEAG nach gnách go mbíonn éifeacht dreasachta ag an gcabhair i gcásanna inar cuireadh tús le hoibreacha ar an tionscadal roimh an iarratas ar chabhair. Mínítear i bpointe 31 CEEAG, áfach, i gcásanna eisceachtúla áirithe, gur féidir éifeacht dreasachta a bheith ag cabhair fiú i gcás tionscadail ar cuireadh tús leo roimh an iarratas ar chabhair. Go háirithe, meastar go bhfuil éifeacht dreasachta ag cabhair má dheonaítear an chabhair go huathoibríoch i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha agus gan lánrogha a bheith á feidhmiú a thuilleadh ag an mBallstát, agus má glacadh an beart agus má tá sé i bhfeidhm sular cuireadh tús le hobair ar an tionscadal nó ar an ngníomhaíocht dá dtugtar cabhair, seachas i gcás scéimeanna comharba fioscacha, i gcás inar cumhdaíodh an ghníomhaíocht cheana leis na scéimeanna roimhe sin i bhfoirm buntáistí cánach.

(202) Mar a luaitear in aithris (40), deonaítear an chabhair go huathoibríoch i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha agus gan lánrogha a bheith á feidhmiú a thuilleadh ag an mBallstát. Ina theannta sin, tagann na scéimeanna i gcomharbas ar scéimeanna fioscacha atá ann cheana ionas go raibh an ghníomhaíocht cumhdaithe cheana féin leis na scéimeanna roimhe sin. Dá bhrí sin, comhlíontar na ceanglais i bpointe 31 CEEAG.

(203) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil éifeacht dreasachta ag an gcabhair faoi na scéimeanna.

5.3.3.1.3. Níor sáraíodh aon fhoráil ábhartha de dhlí an Aontais

(204) Ní féidir a dhearbhú go bhfuil Státchabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach má bhaineann sárú ar dhlí ábhartha an Aontais leis an ngníomhaíocht dá dtugtar tacaíocht, leis an mbeart cabhrach, nó leis na coinníollacha a ghabhann léi. ([62])

(205) Sa chás seo, rinne an Coimisiún measúnú, go háirithe, an sáraíonn na scéimeanna aon reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais in earnáil an fhuinnimh. Tugann an Coimisiún dá aire go ndeonófar cabhair faoi na scéimeanna chun tacú leis na táirgí ábhartha i gcomhréir leis na critéir inbhuanaitheachta agus laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in RED II (féach aithris (25)).

(206) Ós rud é go mbaineann an beart le laghduithe ar dhleacht mháil agus díolúintí le haghaidh táirgí fuinnimh, ní mór don Choimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar a mhéid a chomhlíonann sé an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh.

([61]) Maidir le bithphrópán, gheall an tSualainn go gcuirfeadh sí tuarascáil faireacháin ar fáil agus go gcoigeartódh sí an leibhéal cabhrach is gá chun róchúiteamh a sheachaint.

([62]) Pointe 33 CEEAG, agus Breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2020, *An Ostair v an Coimisiún*, C-594/18 P, EU:C:2020:742, mír 44.

(207) Le hAirteagal 16(1) den Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, ceadaítear do na Ballstáit díolúine nó ráta laghdaithe cánachais ar bhithbhreoslaí a chur i bhfeidhm. Le hAirteagal 16(2), déantar an díolúine nó an laghdú ar chánachas a theorannú don chuid den táirge a dhíorthaítear go hiarbhír ó bhithmhais, rud is amhlaidh faoin scéim (féach aithris (27)).

(208) Thairis sin, comhlíonann an beart Airteagal 16(3) den Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh ina luaitear go ndéanfar an díolúine nó an laghdú ar chánachas arna chur i bhfeidhm ag na Ballstáit a choigeartú chun athruithe ar phraghsanna amhábhar a chur san áireamh chun róchúiteamh as na costais bhreise a bhaineann le monarú na dtáirgí a sheachaint. Tugann an Coimisiún dá aire go ndéanann an tSualainn faireachán bliantúil ar phraghsanna na dtáirgí ábhartha agus, más gá, go ndéanann sí na leibhéil cabhrach a choigeartú chun an riosca róchúitimh a sheachaint amach anseo (féach aithris (43)).

(209) A mhéid a bhaineann leis an mbarúil ó thríú páirtithe maidir leis an modheolaíocht chuntasaíochta le haghaidh spriocanna foinsí fuinnimh in-athnuaite (féach aithris (90)), measann an Coimisiún nach ndéanann ceisteanna modheolaíochta den sórt sin difear do chuspóir an bhirt cabhrach, is é sin bithghás nó bithphrópán a chur chun cinn ann féin, ná nach mbaineann siad le módúlachtaí birt cabhrach atá nasctha chomh doscaoilte sin le cuspóir na cabhrach nach féidir meastóireacht a dhéanamh orthu ar leithligh. Dá bhrí sin, ní dhéanann an Coimisiún measúnú ar an bpointe sin i gcomhthéacs an chinnidh seo maidir le Státchabhair.

(210) I bhfianaise a bhfuil thuas, níl aon léiriú ag an gCoimisiún nach mbaineann sárú neamh-inscartha ar dhlí ábhartha an Aontais leis na scéimeanna ná leis na coinníollacha a ghabhann leo. Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin go gcomhlíontar ceanglais phointe 33 CEEAG.

5.3.3.1.4. Conclúid

(211) Is é conclúid an Choimisiúin go gcomhlíonann na scéimeanna an chéad choinníoll (dearfach) den mheasúnú comhoiriúnachta i.e. go n-éascaíonn an chabhair forbairt gníomhaíochta eacnamaíche de bhun na gceanglas a leagtar amach i Roinn 3.1 CEEAG.

5.3.3.2. Coinníoll diúltach: ní féidir leis an gcabhair difear míchuí a dhéanamh do dhálaí trádála a mhéid atá contrártha don leas coiteann

5.3.3.2.1. Riachtanas na cabhrach

(212) Luaitear i bpointe 89 CEEAG nach mór don Bhallstát na bearta beartais atá i bhfeidhm cheana féin chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú a shainaithint. Chun an gá atá le cabhair a léiriú, mínítear i bpointí 38 agus 90 CEEAG nach mór don Bhallstát a léiriú nach ndéanfaí an tionscadal gan an chabhair, agus an cás frithfhíorasach á chur san áireamh, chomh maith le costais agus ioncaim ábhartha lena n-áirítear na costais agus na hioncaim sin a bhaineann le bearta a shainaithnítear i bpointe 89 CEEAG. Chun a áirithiú go mbeidh gá fós le cabhair le haghaidh gach catagóire tairbhí incháilithe, ní mór do na Ballstáit a n-anailís ar chostais agus ioncaim ábhartha a thabhairt cothrom le dáta gach 3 bliana ar a laghad le haghaidh scéimeanna a mhaireann níos faide ná sin, mar a leagtar amach i bpointe 92 CEEAG.

(213) Dheimhnigh an tSualainn nach bhfuil an bithghás agus an bithphrópán a dtacaítear leo faoi na scéimeanna faoi réir córas cuótaí, oibleagáidí cumaisc ná córais eile a bhfuil éifeacht chomhchosúil acu (féach aithris (16)).

(214) Gan idirghabháil Stáit, bheadh bithghás agus bithphrópán faoi réir na rátaí cánach céanna lena gcontrapháirteanna iontaise, gás nádúrtha agus GPL faoi seach. Mar a léirítear i dtáblaí 1 go 3, gan idirghabháil ón Stát, bheadh bithghás agus bithphrópán a úsáidtear mar bhreoslaí mótair nó téimh níos costasaí ná a gcoibhéis iontaise. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, nach ndíolfaí iad a mhéid is gá chun rannchuidiú leis na spriocanna comhshaoil arb é cuspóir na scéimeanna é.

(215) Ar feadh fhadú na scéimeanna, dheimhnigh an tSualainn go dtabharfaidh sí a hanailís ar chostais cothrom le dáta gach bliain agus go seolfaidh sí tuarascáil faireacháin bhliantúil chuig an gCoimisiún ina mbeidh ríomhanna costais cothrom le dáta. I gcomhréir lena gealltanais roimhe seo, dheimhnigh an tSualainn, i gcás róchúitimh, go ndéanfaí na leibhéil chabhrach a oiriúnú chun aon róchúiteamh a sheachaint amach anseo (féach aithris (43)).

(216) Ar an mbonn sin, is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil gá leis an gcabhair.

5.3.3.2.2. Oiriúnacht

(217) Luaitear i bpointe 93 CEEAG go dtoimhdíonn an Coimisiún a iomchuí atá cabhair chun spriocanna dícharbónaithe a bhaint amach ar choinníoll go gcomhlíonfar gach coinníoll comhoiriúnachta eile. Leagtar amach ann freisin, i bhfianaise scála agus phráinn dhúshlán an dícharbónaithe, go bhféadfar ionstraimí éagsúla a úsáid.

(218) Tugann an Coimisiún dá aire go spreagann díolúintí ó cháin tomhaltas bithgháis agus bithphrópáin inbhuanaithe agus ar an gcaoi sin go gcothaítear a dtáirgeadh.

(219) Measann an Coimisiún gur ionstraim iomchuí i bprionsabal í cabhair i bhfoirm laghdú cánach chun tomhaltas fuinnimh in-athnuaite a dhreasú, ar choinníoll go gcomhlíontar gach coinníoll comhoiriúnachta eile.

5.3.3.2.3. Incháilitheacht

(220) Mínítear i bpointe 95 CEEAG gur féidir coinne a bheith leis go mbeidh saobhadh níos mó ar an iomaíocht mar thoradh ar bhearta dícharbónaithe atá dírithe ar ghníomhaíochtaí sonracha a théann in iomaíocht le gníomhaíochtaí neamh-fhóirdheonaithe eile, i gcomparáid le bearta atá oscailte do gach gníomhaíocht iomaíoch. Mar sin, ba cheart do na Ballstáit cúiseanna a thabhairt le bearta nach n-áirítear leo na teicneolaíochtaí agus na tionscadail uile atá in iomaíocht. Ina theannta sin, ní mór do na Ballstáit athbhreithniú rialta a dhéanamh ar rialacha incháilitheachta agus ar aon riail a bhaineann leo chun a áirithiú go leanfaidh na cúiseanna a thugtar chun údar a thabhairt le hincháilitheacht níos teoranta, go leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu ar feadh shaolré gach scéime, mar a leagtar amach i bpointe 97 CEEAG.

(221) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil na scéimeanna oscailte do bhithghás agus do bhithphrópán neamh-bhiabhunaithe agus a úsáidtear mar bhreosla mótair nó téimh a chomhlíonann critéir RED II maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa (féach aithris (25)).

(222) Tugann an Coimisiún dá aire freisin go n-áirítear sna scéimeanna na teicneolaíochtaí uile atá san iomaíocht faoi láthair (féach aithris (23)).

(223) Mar a luaitear in aithris (24), dheimhnigh údaráis na Sualainne go leanfaidh siad forbairt an mhargaidh go rialta agus go ndéanfaidh siad athbhreithniú, más gá, ar rialacha incháilitheachta agus ar aon rialacha a bhaineann leo chun a áirithiú gur féidir údar a thabhairt fós le haon teorainn ar incháilitheacht nuair a fhorbrófar teicneolaíochtaí nó cineálacha cur chuige nua nó nuair a bheidh níos mó sonraí ar fáil.

(224) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go gcomhlíontar ceanglais roinn 4.1.3.3 CEEAG maidir le hincháilitheacht.

5.3.3.2.4. Comhréireacht (lena n-áirítear carnadh)

5.3.3.2.4.1. Comhréireacht

(225) De réir phointe 47 CEEAG, meastar go bhfuil Státchabhair comhréireach mura mó méid na cabhrach in aghaidh an tairbhí teoranta ná an íosmhéid is gá chun an tionscadal nó an ghníomhaíocht dá dtugtar cabhair a chur i gcrích. Luaitear i bpointe 103 CEEAG gur cheart, go ginearálta, cabhair chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú a dheonú trí phróiseas tairisceana iomaíoch. Mínítear i bpointe 109 CEEAG, áfach, i gcás scéimeanna tacaíochta lena ndírítear ar dhícharbónú i bhfoirm laghduithe ar chánacha nó ar thobhaigh pharaifhioscacha, nach bhfuil sé éigeantach próiseas tairisceana iomaíoch a chur i bhfeidhm. Ní mór cabhair den sórt sin a dheonú, i bprionsabal, ar an mbealach céanna i gcás na ngnóthas incháilithe uile a oibríonn san earnáil chéanna gníomhaíochta eacnamaíche agus atá sa chás fíorasach céanna nó i gcás fíorasach comhchosúil i ndáil le haidhmeanna nó cuspóirí an bhirt cabhrach. Ní mór don Bhallstát a thugann fógra sásra faireacháin bliantúil a chur ar bun chun a fhíorú go bhfuil gá leis an gcabhair go fóill. Sonraítear i bpointe 109 CEEAG go n-eisiatar ó raon feidhme roinn 4.1 CEEAG laghduithe ar chánacha nó ar thobhaigh lena gcuirtear san áireamh na costais fhíor-riachtanacha a bhaineann le fuinneamh nó seirbhísí gaolmhara a sholáthar.

(226) De réir phointe 110 CEEAG, i gcás ina laghdaítear costais oibriúcháin athfhillteacha le cáin nó le tobhach paraifhioscach, níor cheart méid na cabhrach a bheith níos mó ná an difríocht idir costais an tionscadail nó na gníomhaíochta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus costais an cháis fhrithfhíorasaigh is mó díobháil. I gcás ina bhféadfadh coigilteas costais nó ioncam breise a bheith mar thoradh ar thionscadal nó ar ghníomhaíocht atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, ní mór iad sin a chur san áireamh agus comhréireacht na cabhrach á cinneadh.

(227) Dheimhnigh an tSualainn go bhfuil an chabhair, atá leagtha amach mar laghdú cánach ginearálta, oscailte d'aon ghnóthas a chomhlíonann na critéir incháilitheachta (féach aithris (40)).

(228) Tugann an Coimisiún dá aire nach gcumhdaítear leis na scéimeanna laghduithe ar chánacha a fhreagraíonn do na costais fhíor-riachtanacha a bhaineann le fuinneamh nó seirbhísí gaolmhara a sholáthar, ach cánacha a thagann sa bhreis ar na costais a bhaineann le bithghás/bithphrópán a tháirgeadh nó a cheannach.

(229) Mhínigh an tSualainn go ndeonaítear na díolúintí ó cháin chun cúiteamh a dhéanamh ar an difríocht idir na costais níos airde a bhaineann le bithghás agus bithphrópán neamh-bhiabhunaithe inbhuanaithe agus costais an gháis nádúrtha agus GPL faoi seach (féach aithris (42)). Tá an scéim faoi réir faireachán rialta ag údaráis na Sualainne. Tá gealltanas tugtha ag an tSualainn tuarascálacha faireacháin bliantúla a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus na leibhéil chabhrach a oiriúnú, más gá, chun aon róchúiteamh a sheachaint amach anseo (féach aithris (43)). Tá na tuarascálacha faireacháin bunaithe ar fhaisnéis mhionsonraithe arna bailiú ag Gníomhaireacht Fuinnimh na Sualainne ó na cáiníocóirí, maidir le bithghás a tháirgtear ar bhonn intíre agus bithghás allmhairithe araon (féach aithris (44)).

(230) Mar a léirítear in aithrisí (47) agus (54), mhínigh údaráis na Sualainne nach sáraíonn na laghduithe cánach an difríocht idir costas an bhithgháis agus an bhithphrópáin inbhuanaithe agus costas an gháis nádúrtha.

(231) Tugann an Coimisiún dá aire go gcuirtear na príomhchostais uile san áireamh sa ríomh. Thairis sin, áirítear ioncam ó dhíolacháin seachtháirgí sa ríomh. Thug an tSualainn le fios, áfach, nach bhfuil aon chóras ráthaíochtaí tionscnaimh i bhfeidhm sa tSualainn le haghaidh bithgháis (féach Táblaí 1, 2 agus 3).

(232) Ar deireadh, luaitear i bpointe 111 CEEAG nach mór do na Ballstáit, agus scéimeanna cabhrach á ndearadh acu, an fhaisnéis maidir le tacaíocht a fuarthas cheana féin ó dhoiciméadacht an chórais chothromúcháin maise faoi Airteagal 30 de RED II a chur san áireamh.

(233) Dheimhnigh an tSualainn go gcomhlíonann sí ceanglais Airteagal 30 RED II agus go bhfuil sí ag obair faoi láthair ar Bhunachar Sonraí an Aontais dá dtagraítear in RED II agus arna fhorbairt tuilleadh in RED III a thabhairt isteach sa tSualainn (féach aithris (67)). Tugann an Coimisiún dá aire nach raibh an córas sin ar fáil nuair a dhear an tSualainn na scéimeanna agus nuair a thug sí fógra fúthu, ná nuair a rinne an Coimisiún an measúnú seo, agus dá bhrí sin níorbh fhéidir faisnéis ó dhoiciméadacht an chórais chothromúcháin maise a chur san áireamh. Mar sin féin, mhínigh an tSualainn, nuair a bheidh Bunachar Sonraí an Aontais ag feidhmiú go hiomlán agus nuair a bheidh an fhaisnéis atá ann cuimsitheach, nach mbeidh gá le haon athrú ar dhearadh na scéimeanna, ós rud é go bhfuil tacaíocht a dheonaítear do tháirgeoirí bithgháis agus bithphrópáin thar lear á meas cheana féin san fhaireachán trí phraghsanna allmhairiúcháin, agus ar an gcaoi sin go gcuirtear san áireamh í maidir leis an measúnú ar róchúiteamh. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil ceanglais phointe 111 CEEAG gan tionchar ar a mheasúnú ar na scéimeanna.

(234) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin go gcomhlíontar ceanglais roinn 4.1.3.5 CEEAG.

5.3.3.2.4.2. Carnadh

(235) De réir phointe 56 CEEAG, féadfar cabhair a dhámhachtain i gcomhthráth faoi roinnt scéimeanna cabhrach nó a charnadh le cabhair *ad hoc* nó *de minimis* i ndáil leis na costais incháilithe chéanna, ar choinníoll nach mbeidh róchúiteamh mar thoradh ar mhéid iomlán na cabhrach le haghaidh tionscadail nó gníomhaíochta ná nach rachaidh sé thar an uasmhéid cabhrach a cheadaítear faoi na treoirlínte sin. Má cheadaíonn an Ballstát cabhair faoi bheart amháin a charnadh le cabhair faoi bhearta eile, ní mór dó, i gcás gach birt, an modh a úsáidtear chun a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach sa phointe seo a shonrú.

(236) Ós rud é go bhfuil an pointe maidir le carnadh agus an measúnú a mhéid a bhaineann le róchúiteamh a d'fhéadfadh a bheith ann coiteann don dá threoirlíne, tagraíonn an Coimisiún anseo dá mheasúnú i roinn 5.3.2.2.3.3.2.

(237) Ar an gcaoi chéanna lena chonclúid in aithris (177), is é conclúid an Choimisiúin go gcomhlíonann na scéimeanna Roinn 3.2.1.3.1 CEEAG.

5.3.3.2.4.3. Conclúid maidir le comhréireacht (lena n-áirítear carnadh)

(238) I bhfianaise na gconclúidí in aithrisí (234) agus (237), is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil na scéimeanna comhréireach.

5.3.3.3. Trédhearcacht

(239) Tugann an Coimisiún dá aire go n-áiritheoidh an tSualainn go gcomhlíonfar na ceanglais trédhearcachta a leagtar síos i bpointí 58 go 61 CEEAG. Foilseofar sonraí ábhartha an bhirt a dtugtar fógra ina leith ar shuíomh gréasáin trédhearcachta Státchabhrach na Sualainne (féach aithris (68)).

5.3.3.4. Seachaint éifeachtaí diúltacha míchuí ar iomaíocht agus ar thrádáil

(240) Mínítear i bpointe 70 CEEAG go bhformheasfaidh an Coimisiún bearta faoi na treoirlínte sin ar feadh uastréimhse 10 mbliana. Mar a luaitear in aithris (58), beidh na scéimeanna ar siúl faoi CEEAG ar feadh 9 mbliana, i.e. ó 2022 go 2030.

(241) Mínítear i bpointe 116 CEEAG nach mór don chabhair na hastaíochtaí a aistriú ó earnáil amháin go hearnáil eile agus nach mór di laghduithe foriomlána ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach. Thairis sin, ceanglaítear le pointí 127 go 129 CEEAG ar na Ballstáit míniú a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe acu an baol go spreagfaí tomhaltas breoslaí iontaise agus fuinnimh nó go gcuirfí síneadh leis an tomhaltas sin a sheachaint.

(242) Tugann an Coimisiún dá aire gurb é cuspóir foriomlán na scéimeanna breoslaí bithmhaise inbhuanaithe a chur in ionad breoslaí iontaise. Trí bhithghás agus bithphrópán inbhuanaithe a úsáid in ionad gás nádúrtha nó GPL, soláthrófar laghduithe foriomlána ar astaíochtaí gás ceaptha teasa.

(243) Mínítear i bpointe 121 CEEAG nár cheart cabhair lena gcumhdaítear costais a bhaineann den chuid is mó le hoibríocht seachas le hinfheistíocht a úsáid ach amháin i gcás ina léiríonn an Ballstát go mbíonn cinntí oibriúcháin atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol mar thoradh air sin. Luaitear i bpointe 122 CEEAG, i gcás ina bhfuil gá le cabhair go príomha chun costais ghearrthéarmacha a d'fhéadfadh a bheith inathraitheach a chumhdach, gur cheart do na Ballstáit a dheimhniú go ndéanfar faireachán ar na costais táirgeachta ar a bhfuil méid na cabhrach bunaithe agus go dtabharfar méid na cabhrach cothrom le dáta uair sa bhliain ar a laghad. Ní mór an chabhair a dhearadh chun aon saobhadh míchuí ar fheidhmiú éifeachtúil na margaí a chosc, agus chun dreasachtaí oibriúcháin agus comharthaí praghais éifeachtúla a chaomhnú, mar a leagtar amach i bpointe 123 CEEAG.

(244) Sa chás seo, is é is aidhm don chabhair an leibhéal cánach is infheidhme maidir le bithghás agus bithphrópán inbhuanaithe a laghdú, ionas go mbeidh siad ina rogha mhalartach iomaíoch ar a gcoibhéisí breosla iontaise don tomhaltóir deiridh (féach aithris (42)). Dá bhrí sin, is é is aidhm don chabhair cinneadh atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a spreagadh ó thaobh na dtomhaltóirí de. Dheimhnigh údaráis na Sualainne go ndéanfar faireachán bliantúil ar na costais ar a bhfuil méid na cabhrach bunaithe agus go dtabharfar leibhéal na cabhrach cothrom le dáta más gá (féach aithris (43)).

(245) Mínítear i bpointe 130 CEEAG go measfaidh an Coimisiún, i bprionsabal, nach dócha go mbeidh éifeachtaí dearfacha ag Státchabhair le haghaidh bithbhreoslaí, bithleachtanna, bithgháis agus breoslaí bithmhaise a sháraíonn na huasteorainneacha lena gcinntear a n-incháilitheacht chun olltomhaltas deiridh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite sa Bhallstát lena mbaineann a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 26 de RED II, ar éifeachtaí dearfacha iad a d'fhéadfadh a bheith níos mó ná éifeachtaí diúltacha an bhirt.

(246) Mar a shonraítear in aithris (20), ní dheonaítear aon tacaíocht do bhreoslaí bithmhaise a dhíorthaítear ó bharra bia agus beatha, faoi na scéimeanna.

(247) Luaitear i bpointe 132 CEEAG, i gcás scéimeanna a théann chun tairbhe do líon an-teoranta tairbhithe nó tairbhí atá ann faoi láthair, gur cheart do na Ballstáit a léiriú conas nach mbeidh saobhadh iomaíochta mar thoradh ar an mbeart atá beartaithe, mar shampla, trí chumhacht mhéadaithe sa mhargadh.

(248) Tugann an Coimisiún dá aire, ós rud é go ndeonaítear an chabhair i bhfoirm díolúine ghinearálta ó cháin maidir le bithghás agus bithphrópán inbhuanaithe, nach dócha go rachaidh sí chun tairbhe do líon an-teoranta tairbhithe. Tugann an Coimisiún dá aire gur chuir 16 chuideachta, a bhain tairbhe as an scéim breosla mótair, sonraí isteach in 2018 le haghaidh na dtuarascálacha faireacháin ar bhithghás a úsáidtear mar bhreosla mótair (féach aithris (47)).

(249) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin go gcomhlíontar ceanglais ábhartha roinn 4.1.4 CEEAG.

5.3.3.5. Éifeachtaí dearfacha agus diúltacha na cabhrach a mheá

(250) Luaitear i bpointe 134 CEEAG, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha comhoiriúnachta eile go léir, go gcinnfidh an Coimisiún de ghnáth go bhfuil an chothromaíocht le haghaidh bearta dícharbónaithe dearfach (is é sin le rá, gur mó na héifeachtaí dearfacha ná an saobhadh ar an margadh inmheánach) i bhfianaise a rannchuidithe le cuspóirí fuinnimh agus aeráide an Aontais a bhaint amach, fad is nach bhfuil aon tásc soiléir ann maidir le neamhchomhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh'.

(251) Tugann an Coimisiún dá aire go rannchuideoidh na scéimeanna le cuspóirí fuinnimh agus aeráide na Sualainne agus an Aontais a bhaint amach agus go gcomhlíonfaidh na breoslaí bithmhaise a dtacaítear leo na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach in RED II. Ní fhaigheann an Coimisiún aon tásca soiléire ar neamhchomhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh'.

(252) Ar bhonn an mhéid thuas, is é conclúid an Choimisiúin gur mó éifeachtaí dearfacha na scéimeanna ná na héifeachtaí diúltacha ar an margadh inmheánach.

5.3.3.6. Gnólachtaí i gcruachás agus atá faoi ordú gnóthaithe

(253) Mar a leagtar amach in aithris (69), dheimhnigh an tSualainn, chun a bheith incháilithe don chabhair, go bhféadfadh sé nach mbeadh na tairbhithe díreacha faoi réir ordú gnóthaithe gan íoc tar éis cinneadh roimhe sin ón gCoimisiún lena ndearbhaítear go bhfuil cabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus go bhféadfadh sé nach gnóthas é atá i gcruachás.

(254) Ar bhonn an mhéid thuas, is é conclúid an Choimisiúin go gcomhlíonann na scéimeanna pointí 14 agus 15 CEEAG.

5.3.3.7. Conclúid maidir le comhoiriúnacht na scéimeanna

(255) Is é conclúid an Choimisiúin go n-éascaíonn an chabhair forbairt gníomhaíochta eacnamaíche agus nach ndéanann sí dochar do dhálaí trádála a mhéid atá bunoscionn leis an leas comhchoiteann. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go bhfuil an chabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 107(3)(c) CFAE agus ar fhorálacha ábhartha CEEAG.

6. **CONCLÚID**

(256) Cinneann an Coimisiún gur chuir an tSualainn na scéimeanna chun feidhme go neamhdhleathach de shárú ar Airteagal 108(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Cinneann an Coimisiún, áfach, go bhfuil an beart comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 107(3)(c) den Chonradh, i bhfianaise fhorálacha ábhartha EEAG agus CEEAG.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na scéimeanna cabhrach i bhfoirm díolúine ó cháin le haghaidh bithgháis agus bithphrópáin a úsáidtear mar bhreosla mótair nó chun teas a ghiniúint, ar scéimeanna iad atá curtha chun feidhme ag an tSualainn de bhun Acht na Sualainne (1994:1776) maidir le Dleachtanna Máil ar Fhuinneamh, tá siad comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 107(3), pointe (c), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 2

Is chuig Ríocht na Sualainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23.10.2024

Thar ceann an Choimisiúin
Margrethe VESTAGER
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin